An tÚdarás Slándála Príobháidí
The Private Security Authority

# Tuarascáil Bhliantúil 2018

# An Misean atá againn

**Gníomhaíochtaí na ndaoine a oibríonn sa tionscal slándála príobháidí a rialáil chun a chinntiú go ndéanfar leasanna tomhaltóirí a chosaint ina n-iomláine trí chaighdeáin chuí a bhunú agus a chur chun cinn agus trí fhaireachán agus forfheidhmiú a dhéanamh ar na caighdeáin sin.**

## CLÁR ÁBHAR


| | |
|---|---|
| Leathanach 4 | Ráiteas Tosaigh ón gCathaoirleach agus ón bPríomhfheidhmeannach |
| Leathanach 5 | Ról an Údaráis Slándála Príobháidí |
| Leathanach 8 | Misean agus Luachanna |
| Leathanach 10 | Bord an Údaráis |
| Leathanach 10 | An Fhoireann Ardbhainistíochta |
| Leathanach 11 | Rialachas Corparáideach |
| Leathanach 13 | Sracfhéachaint ar an mBliain 2018 |
| Leathanach 14 | An Plean Straitéiseach, 2019 go 2021 |
| Leathanach 15 | An Dul Chun Cinn a Rinneadh ar ár Spriocanna |
| Leathanach 28 | Ráiteas faoi Rialú Inmheánach |
| Leathanach 32 | Ár Ráitis Airgeadais |
| Leathanach 51 | Aguisíní |
| Leathanach 54 | Teagmháil |

## Ráiteas tosaigh ó Noel Lappin, an Cathaoirleach, agus ó Paul Scallan, an Príomhfheidhmeannach


An tUasal Noel Lappin

Tá ríméad orainn tuairisc a thabhairt ar ghníomhaíochtaí an Údaráis Slándála Príobháidí don bhliain 2018. Ba í sin an chéad bhliain iomlán a bhí ár mBord reatha i bhfeidhm. Ceapadh é i mí na Nollag 2017. Chomóireamar an bhliain tríd an gceathrú Plean Straitéiseach uainn a fhoilsiú. Sa Phlean sin, lena gcumhdaítear an tréimhse ón mbliain 2019 go dtí an bhliain 2021, dírítear ar ár sainordú ceadúnúcháin a chomhlíonadh, ar fheabhas a chur ar leibhéil ghairmiúlachta inár dtionscadal, ar thomhaltóirí agus an pobal a chosaint, agus ar ár gcaidreamh lenár sealbhóirí ceadúnais a fhorbairt.


An tUasal Paul Scallan

Bhí an Plean ar cheann de roinnt garspriocanna a baineadh amach sa bhliain. Rinneadh ceadúnú na ndaoine aonair atá fostaithe i Lárionaid Faireacháin a chur ar siúl i mí an Mheithimh. Ina theannta sin, chuireamar doiciméad ceanglas ar Sholáthraithe Oiliúna chun feidhme i mí Mheán Fómhair (TP1:2018). I mí na Bealtaine, d'fhoilsíomar caighdeán nua don earnáil Airgid Thirim faoi Bhealach (PSA76:2018) agus ba bheagnach curtha i gcrích a bhí an obair ar dhaoine aonair san earnáil Slándála Imeachtaí agus san earnáil Imscrúdaitheoirí Príobháideacha a cheadúnú. Thugamar faoi thrí chomhairliúchán phoiblí sa bhliain: comhairliúchán amháin ar fhostaithe san earnáil Slándála Imeachtaí a cheadúnú agus comhairliúchán comhpháirteach inar clúdaíodh caighdeán nua le haghaidh Rialú Rochtana agus caighdeán le haghaidh na n-earnálacha Slándála Leictreonaí chun teacht in ionad SR40:2005.

Gné thábhachtach dár gclár rialála is ea comhlíonadh an chórais cheadúnúcháin a chinntiú. Rinneamar cigireachtaí fud fad na tíre, ar lena linn a leagadh díriú láidir ar chomhlíonadh san earnáil Glasadóirí. Bhí dhá ionchúiseamh rathúla againn agus chúlghaireamar na ceadúnais a bhí ag 14 chonraitheoir agus ag 22 fhostaí.

Leagtar amach sa Phlean Straitéiseach ár dtosaíochtaí gnó don bhliain 2019. Díreofar ar ár sainordú reachtach a chomhlíonadh. Dúshlán le blianta beaga anuas is ea an sainordú a chur i gcrích. Cuireadh bac orainn dul chun cinn a dhéanamh toisc nach bhfuaireamar an cistiú agus an pearsanra a bhí ag teastáil. Mura féidir linn ár sainordú reachtach a chomhlíonadh go mear, beidh baol ann go gcaillfimid muinín an tionscail slándála. Leagaimid tábhacht ar ár gcaidreamh leis an tionscal slándála agus leo sin a idirghníomhaíonn leis. Cabhraíonn an rannpháirtíocht sin linn cur leis an tuiscint atá againn ar an timpeallacht a rialálaimid. Sa bhliain 2019, tá sé beartaithe againn an caidreamh sin a neartú agus bealaí nua cumarsáide a thabhairt isteach.

Faighimid cabhair inár gcuid oibre ó na hacmhainní a sholáthraíonn an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais dúinn agus ón tacaíocht a thugann an Roinn, an Garda Síochána agus Comhlachtaí eile Rialtais dúinn. Teastaíonn an tacaíocht sin uainn chun go mbainimid rath leanúnach amach.

Mar fhocal scoir, ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis an mBord as a thacaíocht agus a fhís, lenár mbaill foirne as an dúthracht agus an tiomantas a thaispeánann siad agus le gach duine a chuir lenár gcuid oibre sa bhliain.

# Ról an Údaráis Slándála Príobháidí

Cuireadh an tÚdarás Slándála Príobháidí ar bun leis na hAchtanna um Sheirbhísí Slándála Príobháidí, 2004 agus 2011, agus tá sé freagrach as an tionscal slándála príobháidí a rialáil. Is é an ról atá againn an pobal agus cliaint de chuid an tionscail slándála a chosaint trí thimpeallacht rialála ar ardchaighdeán a chur chun cinn do ghnólachtaí agus do dhaoine aonair a oibríonn sa tionscal slándála. Déanaimid é sin trí chóras ceadúnúcháin atá cuimsitheach agus bunaithe ar chaighdeáin a oibriú do dhaoine a sholáthraíonn seirbhísí slándála. Oibríonn an tÚdarás i gcomhpháirt le fostóirí agus le fostaithe araon ar mhaithe le caighdeáin a ardú sa tionscal chun tairbhe don tomhaltóir, don phobal agus don tsochaí.



***Oifigí an Údaráis Slándála Príobháidí, Sráid an Dáibhisigh, Baile Thiobraid Árann***

Toisc gur tosaíodh i mí an Mheithimh ar fhostaithe san earnáil Lárionad Faireacháin a cheadúnú, tá ceithre earnáil daoine aonair agus 12 earnáil conraitheoirí ceadúnaithe againn anois. Is é an tosaíocht faoinár bPlean Straitéiseach ná ár sainordú ceadúnúcháin a chomhlíonadh le linn théarma an phlean. Is beagnach curtha i gcrích atá an obair ar fhostaithe san earnáil Slándála Imeachtaí agus san earnáil Imscrúdaitheoirí Príobháideacha a cheadúnú. Maidir leis an obair ar an dá earnáil eile conraitheoirí a cheadúnú, mar atá an earnáil Sainchomhairleoirí Slándála agus an earnáil Soláthraithe agus Suiteálaithe Taisceadán, leanfar léi sa bhliain 2019. Chomh maith leis sin, leanfar leis an obair ar fhostaithe san earnáil Slándála Leictreonaí agus san earnáil Glasadóirí a cheadúnú.

Tá córas caighdeán agus cáilíochtaí do shealbhóirí ceadúnais mar bhonn agus thaca ag ár gcóras ceadúnúcháin. Leanamar le caighdeáin nua a fhorbairt agus le caighdeáin atá ann cheana a athbhreithniú sa bhliain. Foilsíodh caighdeán nua Airgid Thirim faoi Bhealach, doiciméad ceanglas do Sholáthraithe Oiliúna, agus roinnt comhairliúcháin phoiblí ar chaighdeáin agus oiliúint atá beartaithe.

Lean ár bhfoirne cigireachta le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas ceadúnúcháin. Tháinig siad ar neamhchomhlíonadh ina lán cásanna ar fud na tíre, ar dá mbarr a rinneadh ionchúisimh agus a rinneadh ceadúnais a chúlghairm agus a fhionraí.

Cuid lárnach dár misean is ea faisnéis faoi rialáil a thabhairt dár sealbhóirí ceadúnais, don phobal agus do chliaint de chuid an tionscail slándála. Chuireamar fógraí isteach i meáin chumarsáide éagsúla, lenar áiríodh an raidió, nuachtáin agus sainirisí ceirde. Leanamar le freastal ar mhóraontaí agus d'fhoilsíomar roinnt nótaí faisnéise do shealbhóirí ceadúnais agus don phobal. Leanfaimid le feasacht a mhéadú ar na buntáistí a ghabhann le tionscal slándála rialáilte agus leanfaimid freisin lenár dtionscal a chothú trína sheirbhísí a chur chun cinn.

## Sracfhéachaint ar an Tionscal Slándála sa Bhliain 2018

| Earnáil | Daoine Aonair | Conraitheoirí | Láimhdeachas (€) |
|---|---|---|---|
| Maoirseoirí Dorais (Slándáil Imeachtaí) | N/B | 39 | 3,996,238 |
| Maoirseoirí Dorais (Áitribh Cheadúnaithe) | 14,231 | 52 | 15,221,812 |
| Glasadóirí | N/B | 187 | 19,725,087 |
| Imscrúdaitheoirí Príobháideacha | N/B | 115 | 10,813,038 |
| Gardaí Slándála (Faireachán ar Aláraim)* | 351 | 34 | 42,727,183 |
| Gardaí Slándála (Faireachán ar TCI) | N/B | 28 | 11,301,536 |
| Gardaí Slándála (Slándáil Imeachtaí) | N/B | 46 | 4,940,194 |
| Gardaí Slándála (Socair) | 27,902 | 190 | 349,374,868 |
| An Earnáil Slándála Leictreonaí[1] | N/B | 973 | 225,300,994 |
| Airgead Tirim faoi Bhealach | 1,227 | 5 | 67,722,250 |
| **Iomlán **** | **43,711** | **1,669** | **751,123,200** |

** San fhigiúr do dhaoine aonair, cuirtear Faireachán ar Aláram agus Faireachán ar TCI ar áireamh toisc go gclúdaítear an dá chatagóir leis an aon cheadúnas amháin.*
*** Is mó an líon ceadúnas a eisíodh ná an líon daoine aonair agus conraitheoirí atá ceadúnaithe toisc go bhfuil ceadúnais i níos mó ná earnáil amháin ag roinnt sealbhóirí ceadúnais*

## Is iad seo a leanas na príomhfheidhmeanna atá ag an Údarás:

[1] Ba cheart Suiteálaithe Rialaithe Rochtana, TCI agus Córas Aláraim Ionraidh a chur ar áireamh sa tagairt do na hearnálacha Slándála Leictreonaí sa Tuarascáil seo.

- **Rialú agus maoirseacht a dhéanamh ar dhaoine a sholáthraíonn seirbhísí slándála, agus caighdeáin a chothabháil agus a fheabhsú sna seirbhísí sin a sholáthar.**
- **Ceadúnais a dheonú agus a athnuachan.**
- **Cártaí aitheantais a eisiúint chuig ceadúnaithe.**
- **Ceadúnais a fhionraí nó a chúlghairm.**
- **Clár ceadúnaithe a bhunú agus a chothabháil.**
- **Caighdeáin a shonrú atá le comhlíonadh agus seirbhísí slándála á soláthar.**
- **Cáilíochtaí nó ceanglais a shonrú le haghaidh ceadúnais a dheonú.**
- **Tabhairt faoi thionscadail agus gníomhaíochtaí taighde agus iad a choimisiúnú i gcás gur gá déanamh amhlaidh chun seirbhísí a phleanáil, a fhorbairt agus a sholáthar.**
- **Imscrúdú a dhéanamh ar na seirbhísí slándála a sholáthraíonn aon duine.**
- **Córas imscrúdúcháin agus breithniúcháin a bhunú agus a riar le haghaidh gearáin a imscrúdú agus a bhreithniú.**
- **Faireachán a dhéanamh ar an soláthar seirbhísí slándála príobháidí i gcoitinne.**
- **Idirchaidreamh a dhéanamh le ceadúnaithe.**
- **Comhairle a thabhairt don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir le nithe a bhaineann leis na feidhmeanna thuas agus an tAire a chur ar an eolas faoi fhorbairtí a chuideodh le beartas a fhorbairt.**

# Misean agus Luachanna

Ar mhaithe leis an sainordú atá againn an pobal a chosaint agus caighdeáin a fheabhsú laistigh den tionscal slándála príobháidí, táimid tiomanta don mhisean agus do na luachanna seo a leanas.

> Is é atá i gceist **lenár Misean** ná gníomhaíochtaí na ndaoine a oibríonn sa tionscal slándála príobháidí a rialáil chun a chinntiú go ndéanfar leasanna tomhaltóirí a chosaint ina n-iomláine trí chaighdeáin chuí a bhunú agus a chur chun cinn agus trí fhaireachán agus forfheidhmiú a dhéanamh ar na caighdeáin sin.

Is é i gceist **lenár bhFís** fós ná go gcosnófar leasanna tomhaltóirí le tionscal atá rialáilte agus a bhfuil ardchaighdeáin feidhmíochta agus saineolais ar bun aige. Cloífear leis an bhfís sin trí fhaireachán leanúnach a dhéanamh ar gach soláthraí ceadúnaithe agus trí ghníomh spriocdhírithe a dhéanamh in aghaidh daoine a sháraíonn na caighdeáin atá i bhfeidhm. Tá sé mar aidhm againn tionscal a bheith againn;

- Ina mbunathraítear an tionscal chun feabhais a bhuí leis an bhforfheidhmiú láidir a dhéantar ann.
- Ina bhfuil leibhéil fheabhsaithe Oiliúna agus Oideachais.
- Ina laghdaítear an choiriúlacht.
- Ina gcuirtear ceadúnú i bhfeidhm ina iomláine sna réimsí sin nach bhfuil ceadúnaithe go fóill.

agus tá sé mar aidhm againn Údarás Slándála Príobháidí a bheith againn;

- A bhfuil dóthain acmhainní aige chun seirbhísí a sholáthar.
- A sholáthraíonn seirbhísí ar bhealach níos fearr.

Áirítear na nithe seo **lenár luachanna**, a gcloífimid leo le linn dúinn ár ngnó a dhéanamh:

- Obair i gcomhpháirt lenár dTionscal agus le geallsealbhóirí ábhartha eile chun creat rialála a fhorbairt a rachaidh chun tairbhe do shealbhóirí ceadúnais agus don phobal i gcoitinne.

- Sársheirbhís do chustaiméirí a chur ar fáil do shealbhóirí reatha ceadúnais, d'iarratasóirí nua ar cheadúnas agus do thomhaltóirí de chuid seirbhísí slándála príobháidí.

- Costais a laghdú.

- Ár ngnó a sheoladh ar bhealach trédhearcach, cothrom agus comhréireach.

- A bheith inár bhfostóir eiseamláireach trí thimpeallacht a chruthú ina mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag ár mbaill foirne agus ina bhforbróidh siad na scileanna a theastaíonn uathu chun feidhmiú de réir a lánchumais agus a lánacmhainne.

- Dlúthchaidreamh oibre a chothabháil le comhlachtaí/eagraíochtaí eile a dtéann sainchúram an Údaráis i bhfeidhm go díreach ar a gcuid gnó nó oibre.

- Timpeallacht níos sábháilte a sholáthar don phobal i gcoitinne trína chinntiú go gcuirtear deireadh leis an acmhainneacht atá ann tabhairt faoin gcoiriúlacht laistigh dár dtionscal.




**Bord an Údaráis Slándála Príobháidí (Tá John O'Driscoll, an Coimisinéir Cúnta, agus an tUasal John Garry as láthair ón ngrianghraf)**

# Bord an Údaráis

| | |
|---|---|
| **Noel Lappin** | Cathaoirleach |
| **Padraic Cafferty** | Ionadaí d'Fhostóirí |
| **Siobhán Cleary** | Ionadaí do Bhaill Foirne an Údaráis Slándála Príobháidí |
| **Alan Durnan** | Ionadaí d'Fhostóirí |
| **John Garry** | Ionadaí don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais |
| **Sean Heading** | Ionadaí d'Fhostaithe |
| **Geraldine Kelly** | Ionadaí Dlíthiúil |
| **An Coimisinéir Cúnta John O'Driscoll** | Ionadaí don Gharda Síochána |
| **Richard O'Farrell** | Ceapaí Lánroghnach Neamhshainithe |
| **Bryan Redmond** | Ionadaí don Aire Oideachais agus Scileanna |
| **Christy Waters** | Ionadaí d'Fhostaithe |

## An Fhoireann Ardbhainistíochta

| | |
|---|---|
| **Paul Scallan** | Príomhfheidhmeannach |
| **Seamus Burke** | Príomh-Chigire |
| **Grace Grant** | Ceann um Cheadúnú Daoine Aonair |
| **Colin Murphy** | Ceann um Cháilíochtaí agus Caighdeáin |
| **Joe Duggan** | Ceann um Cheadúnú Conraitheoirí agus Gnóthaí Corparáideacha |

# Rialachas Corparáideach

Tá an Bord agus an Príomhfheidhmeannach tiomanta dá chinntiú go ngníomhaíonn an tÚdarás de réir an dea-chleachtais chorparáidigh i gcónaí. Tá Rialachas Corparáideach laistigh den Údarás bunaithe orthu seo a leanas:

- An Cód Iompair do Rialachas Comhlachtaí Stáit.
- Na hAchtanna um Sheirbhísí Slándála Príobháidí.
- An Cód Iompair do Chomhaltaí Boird ó Bhord an Údaráis.
- Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí/Nósanna Imeachta Soláthair Phoiblí.

Mar aon leis an méid thuas, comhlíonann an tÚdarás gach treoir ilghnéitheach eile ar nithe rialachais chorparáidigh arna n-eisiúint ag an Roinn thar ceann na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe nó thar ceann Ranna Rialtais eile ó am go chéile. Ar an mbealach sin, cinntíonn sé go bhfuil struchtúir agus próisis chuí i bhfeidhm chun an leibhéal is airde rialachais chorparáidigh a choinneáil ar bun.

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíonann na comhaltaí den Bhord agus baill foirne a shealbhaíonn poist ainmnithe san Údarás forálacha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí agus forálacha an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí.

Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca de chuid an Bhoird athbhreithniú agus measúnú ar oibríochtaí airgeadais an Údaráis. Tá an tÚdarás faoi réir iniúchadh ag an Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste freisin. Faigheann an Príómhfheidhmeannach tacaíocht ó Fhoireann Iniúchóireachta an Údaráis chomh maith. Sa bhliain 2018, rinne Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí agus an Roinn iniúchtaí breise ar ár mbonneagar TF agus ár gcórais TF.

Cuirtear soláthar i gcrích de réir Treoirlínte Soláthair Phoiblí i gcomhairle leis an nGrúpa Straitéise Soláthair sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, de réir mar is gá, agus de réir beartas arna bhfoilsiú ag an Roinn Airgeadais agus ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach don Bhord as comhlíonadh a dhualgas agus as cibé faisnéis i ndáil le comhlíonadh na ndualgas sin atá forordaithe le reachtaíocht a thabhairt dó. Coinníonn an Príomhfheidhmeannach Tuarascáil Bainistíochta Riosca ar bun agus cuirtear í i láthair ag gach cruinniú Boird. Is é is aidhm don Tuarascáil a chinntiú go ndéantar rioscaí a shainaithint agus a mheasúnú agus go gcuirtear na gníomhartha maolaithe riachtanacha i bhfeidhm de réir na n-acmhainní atá ar fáil.

# Rialachas Corparáideach

Tháinig Bord an Údaráis le chéile 5 huaire sa bhliain 2018. Achoimrítear an freastal ar na cruinnithe sin sa tábla thíos:

| AINM | 29/01/18 | 26/03/18 | 28/05/18 | 24/09/18 | 26/11/18 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Noel Lappin**** | √ | √ | √ | √ | √ |
| **Padraic Cafferty** | √ | √ | √ | √ | √ |
| **Siobhán Cleary** | √ | √ | √ | χ | √ |
| **Alan Durnan* **** | χ | √ | √ | √ | √ |
| **John Garry*** | √ | √ | χ | √ | √ |
| **Sean Heading** | √ | χ | √ | √ | √ |
| **Geraldine Kelly* **** | √ | √ | √ | √ | √ |
| **John O'Driscoll, an Coimisinéir Cúnta** | √ | √ | χ | χ | √ |
| **Richard O'Farrell* **** | √ | √ | √ | √ | √ |
| **Bryan Redmond** | √ | √ | √ | √ | √ |
| **Christy Waters** | √ | √ | √ | √ | √ |

* Comhaltaí den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.
** Comhaltaí den Choiste Straitéise

Tháinig an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile 4 huaire sa bhliain 2018. Áiríodh iad seo le gníomhaíochtaí an choiste:

- Téarmaí tagartha an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a cheadú.
- Bualadh le hOifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.
- Bualadh le cuntasóir an Údaráis.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an Tuarascáil Iniúchóireachta Inmheánaí don bhliain 2017 agus ar an Tuarascáil ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste don bhliain 2017.
- Na Ráitis Airgeadais don bhliain 2017 a athbhreithniú.
- Plean Gníomhaíochta Rioscaí agus Clár Rioscaí an Údaráis a athbhreithniú.

Thug an Coiste tuairisc ar a chuid gníomhaíochtaí ag gach cruinniú Boird. Chomh maith leis sin, chuir an tÚdarás Coiste Straitéise ar bun sa bhliain 2018. Bhí sé i mbun feidhme idir mí Eanáir agus mí na Bealtaine 2018 chun an Plean Straitéiseach a chur le chéile.

# Sracfhéachaint ar an mBliain 2018

Bhí 1,356
Chonraitheoir
Ceadúnaithe
ag Deireadh na Bliana

Bhí 33,699 nDuine
Aonair Ceadúnaithe
ag Deireadh na Bliana
(2017: 28,648)

Tosaíodh ar Ghardaí
Slándála (Lárionaid
Faireacháin) a
Cheadúnú

Tugadh Scéim
Soláthraithe Oiliúna
Ceadúnaithe isteach

€2,517,375
Ioncam ó Tháillí
(2017: €3,140,385)*

Seoladh 1,109 gCás
Forfheidhmiúcháin
(2017: 864)

Próiseáladh 8,240
Iarratas
(2017: 14,574)*

45 Bhall Foirne
(2017: 41)

* Léirítear sa laghdú i dtáillí agus in iarratais sa bhliain 2018 tabhairt isteach an cheadúnais 3 bliana do dhaoine aonair sa bhliain 2016.

# An Plean Straitéiseach, 2019 go 2021

Cheadaigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais an Plean Straitéiseach, 2019-2021, i mí na Samhna 2018 i gcomhréir le halt 9(1) den Acht um Sheirbhísí Slándála Príobháidí, 2004 (arna leasú). Is é aidhm an Phlean cur leis an dul chun cinn a rinneadh leis na 3 phlean roimhe agus socraítear ann treo an Údaráis sa todhchaí. Dírítear sa Phlean

- ar ár sainordú ceadúnúcháin a chomhlíonadh.
- ar fheabhas a chur ar leibhéil ghairmiúlachta inár dtionscal.
- ar chosaint a thabhairt do thomhaltóirí agus don phobal.
- ar ár gcaidreamh lenár sealbhóirí ceadúnais a chothú.

Ba mhaith linn a chinntiú go rachaidh rialáil chun tairbhe dár sealbhóirí ceadúnais, dár gcustaiméirí agus don phobal i gcoitinne. **Is iad seo a leanas na príomhspriocanna atá leagtha amach sa Phlean Straitéiseach:**

**Sprioc 1: Rialáil an Tionscail Slándála Príobháidí a chur i gcrích.**

**Sprioc 2: A chinntiú go gcomhlíonann ár dtionscal na rialacháin cheadúnúcháin.**

**Sprioc 3: Caighdeáin agus cáilíochtaí a ardú inár dtionscal.**

**Sprioc 4: Tairbhí ár dtionscail a chur chun cinn.**

**Sprioc 5: Tacú lenár bhfoireann agus feabhas a chur ar ár n-eagraíocht.**

## Sracfhéachaint ar an mBliain 2018

Sprioc 1: Tosaíodh ar Ghardaí Slándála (Lárionaid Faireacháin) a Cheadúnú i mí an Mheithimh 2018

Sprioc 2: Dhá ionchúiseamh rathúla

Sprioc 3: Foilsíodh Ceanglais ar Sholáthraithe Oiliúna

Sprioc 4: Soláthraíodh Faisnéis do Thomhaltóirí trí na Meáin, trí Aontaí agus trí Fhoilseacháin


Sprioc 5: Rinneadh Infheistíocht in Oiliúint agus Leas Foirne

# An Dul Chun Cinn a Rinneadh ar ár Spriocanna

## Sprioc 1: Rialáil an Tionscail Slándála Príobháidí a chur i gcrích.

**Dul Chun Cinn Rialála**

Rinneadh tuilleadh dul chun cinn ar ár sainordú rialála mar thoradh ar cheadúnú a chur i bhfeidhm maidir le fostaithe san earnáil Gardaí Slándála (Lárionaid Faireacháin) i mí an Mheithimh. Tá rialáil i bhfeidhm anois maidir le 88% de dhaoine aonair agus 91% de chonraitheoirí a oibríonn in earnálacha slándála incheadúnaithe.




**Fíor 1 Forbhreathnú ar na gnólachtaí sa tionscal, ina léirítear iad sin atá ceadúnaithe/atá le ceadúnú**

Sainaithnítear sna hAchtanna um Sheirbhísí Slándála Príobháidí 8 gcinn de sheirbhísí slándála atá faoi réir rialáil ag an Údarás, mar atá:

- Maoirseoirí Dorais
- Suiteálaithe Trealaimh Shlándála
- Glasadóirí
- Imscrúdaitheoirí Príobháideacha
- Soláthraithe Foirmeacha Cosanta Iompair
- Sainchomhairleoirí Slándála
- Gardaí Slándála
- Soláthraithe nó Suiteálaithe Taisceadán


# An Dul Chun Cinn a Rinneadh ar ár Spriocanna

Rinneadh roinnt de na hearnálacha sin a fhoroinnt chun cur chun feidhme na rialála a éascú. Mar shampla, is foroinnte ina trí chatagóir atá an earnáil Suiteálaithe Trealaimh Shlándála, rud a dtugtar na hearnálacha Slándála Leictreonaí air go minic:

- Suiteálaithe Rialaithe Rochtana
- Suiteálaithe TCI
- Suiteálaithe Aláram Ionraidh

Níor ceadúnaíodh aon earnálacha nua conraitheoirí sa bhliain 2018, rud a fhágann go bhfuil dhá earnáil conraitheoirí fós le ceadúnú – is iad sin, Sainchomhairleoirí Slándála agus Soláthraithe agus Suiteálaithe Taisceadán. Tosaíodh ar roinnt oibre ar Shainchomhairleoirí Slándála a cheadúnú agus táthar ag iarraidh grúpa oibre don earnáil Taisceadán a bhunú sa bhliain 2019.

Rinneadh an-chuid oibre chun ullmhú d'fhostaithe san earnáil Slándála Imeachtaí a cheadúnú. Mar sin féin, is ann do shaincheisteanna reachtaíochta nach mór aghaidh a thabhairt orthu sula bhféadfar leanúint le ceadúnú. Tharraingíomar aird na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais, ár máthair-Roinne, ar na saincheisteanna sin. Rinneadh méid suntasach oibre sa bhliain ar na ceanglais oiliúna atá le leagan ar an earnáil Imscrúdaitheoirí Príobháideacha. Tá muinín againn go mbeimid in ann tréimhse ama a fhógairt sa bhliain 2019 le haghaidh an earnáil sin a cheadúnú. Déanfar tuilleadh scrúdaithe ar a oiriúnaí atá an Phrintíseacht i gCórais Slándála Leictreonaí chun a fháil amach an bhfuil nó nach bhfuil sí oiriúnach do na hearnálacha Slándála Leictreonaí a cheadúnú. Agus iad freagrach as níos lú ná 2% den daonra ceadúnúcháin, is earnálacha beaga iad na hearnálacha eile - is iad sin, an earnáil Glasadóirí, an earnáil Soláthraithe agus Suiteálaithe Taisceadán agus an earnáil Sainchomhairleoirí Slándála.




**Fíor 2 Forbhreathnú ar na daoine aonair sa tionscal, ina léirítear iad sin atá ceadúnaithe/atá le ceadúnú**

# An Dul Chun Cinn a Rinneadh ar ár Spriocanna

**Ceadúnú Gnólachtaí**

Bhí 1,669 gceadúnas i gcúrsaíocht ag deireadh na bliana, suas ó 1,606 cinn ag deireadh na bliana 2017. Ba sna hearnálacha Slándála Leictreonaí a bhí an méadú ba mhó sa líon ceadúnas. Bhí méadú 43 cheadúnas inti i gcomparáid leis an mbliain 2017. Ina dhiaidh sin, ba iad na hearnálacha ba mhó méadú ná an earnáil Glasadóirí, áit a raibh méadú 25 cheadúnas ann, an earnáil Imscrúdaitheoirí Príobháideacha, áit a raibh méadú 5 cheadúnas ann, agus an earnáil Maoirseoirí Dorais (Slándáil Imeachtaí), áit a raibh méadú 3 cheadúnas ann. Bhí laghdú sa líon ceadúnas ann sna 6 earnáil eile. Mhéadaigh an líon iomlán conraitheoirí a raibh ceadúnas acu ó 1,323 dhuine i dtús na bliana go 1,356 dhuine ag an 31 Nollaig 2018.

| | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| MAOIRSEOIRÍ DORAIS (SLÁNDÁIL IMEACHTAÍ) | 44 | 47 | 43 | 39 |
| MAOIRSEOIRÍ DORAIS (ÁITRIBH CHEADÚNAITHE) | 55 | 52 | 49 | 52 |
| GLASADÓIRÍ | N/B | N/B | 162 | 187 |
| IMSCRÚDAITHEOIRÍ PRÍOBHÁIDEACHA | 64 | 131 | 110 | 115 |
| GARDAÍ SLÁNDÁLA (FAIREACHÁN AR ALÁRAIM) | 39 | 40 | 36 | 34 |
| GARDAÍ SLÁNDÁLA (FAIREACHÁN AR TCI) | 28 | 31 | 29 | 28 |
| GARDAÍ SLÁNDÁLA (SLÁNDÁIL IMEACHTAÍ) | 51 | 55 | 49 | 46 |
| GARDAÍ SLÁNDÁLA (SOCAIR) | 202 | 199 | 192 | 190 |
| SUITEÁLAITHE SLÁNDÁLA LEICTREONAÍ | 733 | 807 | 930 | 973 |
| AIRGEAD TIRIM FAOI BHEALACH | 7 | 6 | 6 | 5 |
| IOMLÁN | **1,223** | **1,368** | **1,606** | **1,669** |

**Tábla 1 Comparáid idir an Líon Ceadúnas a Eisíodh le haghaidh gach earnála idir an bhliain 2015 agus an bhliain 2018**

Léirítear sa tábla thuas gur mhéadaigh an líon ceadúnas conraitheoirí i gcúrsaíocht faoi níos mó ná trian amháin le 3 bliana anuas. Rinneamar infheistíocht i gcórais iarratais ar líne agus d'uathoibríomar an-chuid dár sásraí próiseála chun acmhainn a chruthú le haghaidh an mhéadaithe sa líon ceadúnas.

Fuarthas 671 iarratas ar cheadúnas conraitheoirí sa bhliain, síos ó 827 gcinn sa bhliain 2017. Is féidir an laghdú a chur síos don timthriall ceadúnais dhá bhliain, rud a fhágann go mbíonn líon níos airde ceadúnas ag dul as feidhm i mblianta corra faoi láthair. Sa bhliain 2018, fuaireamar 175 iarratas chéaduaire, 483 iarratas ar athnuachan, agus 11 iarratas ar earnáil/earnálacha eile a chur le ceadúnas a bhí ann cheana.

# An Dul Chun Cinn a Rinneadh ar ár Spriocanna

Athnuachaintí Ceadúnais

Den 545 chonraitheoir a raibh a gceadúnas le hathnuachan acu le linn na bliana, rinne 483 dhuine amhlaidh faoi dheireadh na bliana. B'ionann an ráta neamh-athnuachana agus 11%. Ba sna hearnálacha Slándála Leictreonaí a bhí trí cheathrú de na ceadúnais nár athnuadh. Tarchuirtear gach cás neamh-athnuachana le haghaidh gníomh comhlíonta, agus leanfar le hathnuachaintí don bhliain 2018 a fháil le linn na bliana 2019. Fuaireamar 24 iarratas ar athnuachan sa bhliain 2018 le haghaidh ceadúnais a chuaigh as feidhm sa bhliain 2017.

Den chéad uair riamh, fuarthas na hiarratais go léir ar athnuachan trínár gcórais athnuachana ar líne, rud a chuíchóirigh an próiseas athnuachana do shealbhóirí ceadúnais agus don Údarás araon.

Iarratais ar Diúltaíodh Dóibh

Dhiúltaíomar do 12 cheann (2%) de na hiarratais uile a fuarthas le linn na bliana 2018. Taisceadh iarratais bhailí i leith 7 gcinn díobh sin ina dhiaidh sin. Diúltaíodh do 14 iarratas toisc gur mhainnigh an t-iarratasóir na ceanglais cheadúnúcháin a chomhlíonadh. Sa bhliain 2018, rinne 4 chonraitheoir achomharc chun an Bhoird Achomhairc um Shlándáil Phríobháideach in aghaidh breitheanna a thug an tÚdarás.

An Bord Achomhairc um Shlándáil Phríobháideach

I dtús na bliana 2018, bhí achomharc amháin ann a rabhthas ag fanacht le breith ina leith ón mBord Achomhairc. Rinneadh 4 achomharc eile a thaisceadh leis an mBord Achomhairc le linn na bliana 2018, rud a d'fhág go raibh 5 achomharc san iomlán ar feitheamh cinnidh. Cuireadh gach ceann de na cásanna i gcrích faoi dheireadh na bliana. Sheas an Bord Achomhairc leis an mbreith ón Údarás in 2 chás agus chuir sé an bhreith uainn ar ceal i 3 chás.

Ceadúnais Shealadacha

Eisítear ceadúnais shealadacha chuig conraitheoirí nua san earnáil Slándála Leictreonaí ionas gur féidir leo córais a shuiteáil ar mhaithe leis na caighdeáin a theastaíonn chun críocha ceadúnúcháin a ghnóthú. Bhí 54 cheadúnas shealadacha i gcúrsaíocht ag deireadh na bliana.

Fuaireamar 76 iarratas nua ar cheadúnais shealadacha sa bhliain 2018. Is laghdú beag é sin ó na 79 gcinn a fuarthas sa bhliain 2017. Maidir leis na bearta a thugamar isteach sa bhliain 2016 chun saolré na gceadúnas sealadach a laghdú, tá ag éirí leo fós. Tá formhór na n-iarratasóirí ag imeacht ón gcóras ceadúnas sealadach laistigh de thréimhse 6 mhí. Níltear ag fáil aon ghearán ón tionscal slándála faoin gcóras a thuilleadh. D'aistrigh 71 chonraitheoir ó cheadúnas sealadach chuig láncheadúnas le linn na bliana.

# An Dul Chun Cinn a Rinneadh ar ár Spriocanna


<u>Táillí Ceadúnais</u>

B'ionann iomlán na dtáillí ceadúnais chonraitheoirí don bhliain agus €1,392,483, i gcomparáid le €1,308,837 sa bhliain 2017 agus le €1,274,836 sa bhliain 2016 (arb í an bhliain inchomparáide sa timthriall ceadúnais 2 bhliain í). Is féidir an méadú a chur síos den chuid is mó don mhéadú i láimhdeachas na gconraitheoirí mar thoradh ar an ngeilleagar atá ag fás, rud a fhágann go mbogann conraitheoirí chuig bandaí táillí níos airde agus iad ag athnuachan a gceadúnais.

| Bliain | Láimhdeachas |
|---|---|
| 2015 | €622,193,000 |
| 2016 | €653,971,000 |
| 2017 | €710,155,000 |
| 2018 | €751,123,200 |

**Tábla 2 An Láimhdeachas Conraitheoirí a taifeadadh in iarratais ar cheadúnais idir an bhliain 2015 agus an bhliain 2018**

Léirítear i dTábla 2 thuas go leanann an tionscal slándála ag fás ar aon dul le fás geilleagrach na tíre. Tuilleadh fianaise ar an bhfás sin is ea an méadú sa líon conraitheoirí ceadúnaithe sa bhliain 2018.




**Fíor 3 Forbhreathnú ar láimhdeachas conraitheoirí de réir earnála sa bhliain 2018**

# An Dul Chun Cinn a Rinneadh ar ár Spriocanna

**Ceadúnú Daoine Aonair**

Bliain uathúil do cheadúnú daoine aonair a bhí sa bhliain 2018. Ní dheachaigh aon cheadúnais as feidhm sa bhliain toisc thabhairt isteach an cheadúnais 3 bliana sa bhliain 2016. Mar thoradh air sin, is dócha go bhfuil an líon ceadúnas a bhí i gcúrsaíocht ag deireadh na bliana níos airde ná an líon atá gníomhach toisc go n-áireofar leis an líon sin na ceadúnais sin nach n-athnuafaí dá mba rud é go rachadh siad as feidhm sa bhliain 2018.

Bhí 33,699 sealbhóir ceadúnais aonair ann ag deireadh mhí na Nollag. B'ionann an figiúr sin agus méadú 5,051 cheadúnas ar an bhfigiúr don bhliain 2017. Bhí méadú ó 15,961 cheadúnas go 17,890 ceadúnas ann ar an líon ceadúnas a bhí ann san earnáil Gardaí Slándála (Socair) agus bhí méadú 2,113 cheadúnas ann ar an líon ceadúnas comhcheangailte Maoirseoirí Dorais/Gardaí Slándála a bhí ann. Bhí méadú ó 3,754 cheadúnas go 4,219 gceadúnas ann sa líon ceadúnas Maoirseoirí Dorais agus bhí méadú 193 cheadúnas ann sa líon ceadúnas Airgid Thirim faoi Bhealach. Táimid ag súil go dtitfidh an líon sealbhóirí ceadúnais go tapa sa bhliain 2019 toisc go bhfuil breis agus 6,000 ceadúnas le hathnuachan sa chéad dá mhí den bhliain. Eisíodh 351 cheadúnas inár n-earnáil nua, mar atá Gardaí Slándála (Lárionaid Faireacháin).

| | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| AIRGEAD TIRIM FAOI BHEALACH | 1,139 | 924 | 1,034 | 1,227 |
| MAOIRSEOIRÍ DORAIS (ÁITRIBH CHEADÚNAITHE) | 4,302 | 3,942 | 3,754 | 4,219 |
| GARDAÍ SLÁNDÁLA (SOCAIR) | 16,553 | 15,558 | 15,961 | 17,890 |
| MAOIRSEOIRÍ DÓRAIS AGUS GARDAÍ SLÁNDÁLA | 6,787 | 7,120 | 7,899 | 10,012 |
| GARDAÍ SLÁNDÁLA (LÁRIONAID FAIREACHÁIN) | n/b | n/b | n/b | 351 |
| IOMLÁN | **28,781** | **27,544** | **28,648** | **33,699** |

**Tábla 3 Comparáid idir an Líon Ceadúnas a Eisíodh le haghaidh gach earnála idir an bhliain 2015 agus an bhliain 2018**

Maidir leis na ceadúnais a bhí ann de réir earnála, bhí 43,711 cheadúnas i gcúrsaíocht, agus an figiúr sin comhdhéanta de 27,902 cheadúnas san earnáil Gardaí Slándála (Socair) agus de 14,231 cheadúnas san earnáil Maoirseoirí Dorais.

<u>Táillí Ceadúnais</u>

B'ionann iomlán na dtáillí ceadúnais daoine aonair don bhliain agus €1,124,893.08, i gcomparáid le €1,831,547 sa bhliain 2017 agus le €1,985,352 sa bhliain 2016. Is féidir an laghdú i dtáillí a chur síos do thabhairt isteach an timthrialla ceadúnais 3 bliana, rud a d'fhág nach raibh aon cheadúnais le hathnuachan sa bhliain 2018. Táimid ag súil go mbeidh méadú suntasach i dtáillí ann i mbliana toisc gurb é tús an timthrialla 3 bliana le haghaidh athnuachaintí é. Cé nach bhfuarthas aon táillí athnuachana sa bhliain 2018, bhí suim na dtáillí a fuarthas níos mó ná mar a bhíothas ag súil leis.

# An Dul Chun Cinn a Rinneadh ar ár Spriocanna

Iarratais ar Cheadúnais

Fuaireamar 7,569 n-iarratas ar cheadúnais daoine aonair sa bhliain 2018. Diúltaíodh do 1,453 cinn de na hiarratais sin (19%). Cé go raibh méadú 8% ann i ráta na n-iarratas ar diúltaíodh dóibh sa bhliain 2017, bhí laghdú ann sa líon iarratas ar diúltaíodh dóibh. Tháinig an méadú céatadánach chun cinn toisc gurbh iarratais chéaduaire a bhí i 97% de na hiarratais a fuarthas sa bhliain. Diúltaítear do na hiarratais sin ina lán cásanna. Is ann do roinnt cúiseanna a ndiúltaítear d'iarratais, mar atá foirmeacha iarratais a bheith neamhiomlán agus doiciméid amhail Deimhnithe Taifid Choiriúil nó fianaise ar oiliúint a bheith ar iarraidh. Is suntasach a bhíonn na hacmhainní a theastaíonn chun déileáil le hiarratais a ndiúltaítear dóibh. I gcás an chuid is mó d'iarratais a ndiúltaítear dóibh, taisceann an t-iarratasóir iarratas bailí ina dhiaidh sin. Is amhlaidh, áfach, go mbíonn líon beag iarratasóirí ann a ndiúltaítear dá n-iarratas dhá uair nó níos mó.

De na 6,116 iarratas bhailí a fuarthas, bhain 196 cinn le hathnuachaintí le haghaidh ceadúnais a chuaigh as feidhm roimh an mbliain 2018. Iarratais chéaduaire a bhí sa chuid eile.

| | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Iarratais Chéaduaire** | 5,094 | 4,736 | 4,976 | 4,907 | 5,920 |

**Tábla 4 An líon iarratas céaduaire a fuarthas idir an bhliain 2014 agus an bhliain 2018**

Diúltuithe agus Achomhairc

Sa bhliain 2018, eisíodh 196 bhreith inar diúltaíodh do cheadúnas a dheonú. Is ionann é sin agus pas beag níos mó ná 3% de na hiarratais bhailí ar fad a fuarthas. Ba mar gheall nár chuir an t-iarratasóir próiseas grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána i gcrích a diúltaíodh do bhreis agus leath na n-iarratas ar diúltaíodh dóibh.

Féadfaidh daoine aonair atá míshásta leis an mbreith uainn achomharc a dhéanamh chun an Bhoird Achomhairc um Shlándáil Phríobháideach. Rinneadh 13 achomharc sa bhliain agus bhí 18 gcinn ann a tugadh ar aghaidh ón mbliain 2017 agus a raibh breith le tabhairt orthu. Faoi dheireadh na bliana, thug an Bord Achomhairc breithiúnas ar 17 n-achomharc. Sheas sé leis an mbreith uainn in 11 cás agus chuir sé an bhreith uainn ar ceal i 5 chás. Bhain an t-achomharc eile le hiarratas ar dhá chineál ceadúnais. Sheas an Bord Achomhairc leis an mbreith uainn i leith ceadúnas amháin agus chuir sé an bhreith uainn ar ceal i leith an cheadúnais eile. Tarraingíodh dhá achomharc siar.

# An Dul Chun Cinn a Rinneadh ar ár Spriocanna

## Sprioc 2: A chinntiú go gcomhlíonann ár dtionscal na rialacháin cheadúnúcháin.

Cuid dhílis dár gcuid oibre is ea a chinntiú go gcomhlíontar na hAchtanna um Sheirbhísí Slándála Príobháidí agus na Rialacháin lena rialaítear ceadúnú. D'oibrigh ár bhfoirne cigireachta fud fad na tíre, agus cuairt á tabhairt acu ar bhreis agus 2,000 áitreabh gnó sa bhliain 2018.

Eascraíonn an-chuid dár n-obair as tuairiscí faisnéise a fhaightear ón tionscal agus ón bpobal. Tá siad ina n-uirlis thábhachtach a chabhraíonn linn neamhchomhlíonadh a chomhrac agus ár n-acmhainní cigireachta a spriocdhíriú. Fuaireamar 444 thuairisc faisnéise sa bhliain 2018, i gcomparáid leis na 367 gcinn a fuarthas sa bhliain roimhe. Maidir leis na cásanna a fuarthas, níor imscrúdaíodh 23% díobh mar gur imscrúdaíodh iad roimhe sin, mar nár leor an fhaisnéis nó mar go raibh an conraitheoir ceadúnaithe cheana féin. I gcás nach n-imscrúdaímid tuairiscí faisnéise, coinnítear an fhaisnéis. Má fhaightear tuilleadh tuairiscí ar an aon ní amháin, athbhreithnítear iad chun a chinneadh cé acu ba cheart nó nár cheart imscrúdú a thosú.

Maidir le 340 ceann de na tuairiscí faisnéise a imscrúdaíodh, bhí siad ina gcuid de na 1,038 gcás forfheidhmiúcháin a osclaíodh sa bhliain. Is laghdú 174 chás é sin ar an líon cásanna a osclaíodh sa bhliain 2017.

<u>Comhlíonadh i measc Conraitheoirí</u>
Rinneamar 132 chigireacht ar chonraitheoirí sa bhliain 2018, ar lena linn a thugamar cuairt ar shealbhóirí ceadúnais agus a d'iniúchamar a dtaifid chun a chinntiú go rabhthas ag comhlíonadh na rialachán ceadúnúcháin. Faoi mar a bhí amhlaidh i dTuarascálacha Bliantúla roimhe uainn, ní mór dúinn an athuair béim a leagan ar na rátaí ísle comhlíonta a aimsíodh le linn cigireachtaí, go háirithe i bhfianaise an chórais deimhniúcháin, a bhfuil mar aidhm leis buntacú le ceadúnú. Laghdaigh an céatadán de chonraitheoirí lánchomhlíontacha ó 25% sa bhliain 2017 go 22% anuraidh agus mhéadaigh an céatadán de neamh-chomhréireachtaí chatagóir 1, an chatagóir is tromchúisí, ó 47% go 62%. Níl ag éirí go dtí seo lenár n-iarrachtaí dul i ngleic leis an bhfadhb sin tríd an bpróiseas deimhniúcháin agus, dá bharr sin, cuirfimid tús sa bhliain 2018 le hobair ar shamhail deimhniúcháin nua, rud a chuirfear amach ar tairiscint go luath sa bhliain 2019.

| Torthaí | 2017 | 2018 |
|---|---|---|
| An % a bhí Lánchomhlíontach | 25% | 22% |
| An % de neamh-chomhréireachtaí Chatagóir 1 | 47% | 62% |
| An % de neamh-chomhréireachtaí Chatagóir 2 | 15% | 5% |
| An % de neamh-chomhréireachtaí Chatagóir 3 | 3% | 3% |
| An % de chásanna ina bhfuil an Chigireacht ar Siúl | 10% | 8% |

**Tábla 5 Rátaí Comhlíonta i gCigireachtaí ar Chonraitheoirí**

# An Dul Chun Cinn a Rinneadh ar ár Spriocanna

Is féidir an méadú i ráta na gcigireachtaí leanúnacha sa bhliain 2018 a chur síos do dhá thoisc, is iad sin: méadú 20% sa líon cásanna forfheidhmiúcháin a osclaíodh sa bhliain 2018 i gcomparáid leis an mbliain 2017; agus an líon ard tuairiscí ar ghníomhaíocht neamhcheadúnaithe líomhnaithe san earnáil Glasadóirí.

Ceannaitheoirí Slándála

Tá ról tábhachtach le comhlíonadh ag ceannaitheoirí seirbhísí slándála sa timpeallacht rialála. Gné an-tábhachtach dár n-obair comhlíonta is ea a chinntiú nach bhfostaíonn ceannaitheoirí ach conraitheoirí slándála príobháidí agus daoine aonair atá ceadúnaithe. Go dtí seo, tá an chumhacht chun ceannaitheoir de chuid soláthraí neamhcheadúnaithe seirbhíse slándála a ionchúiseamh ar cheann de na huirlisí is éifeachtaí i gcomhlíonadh na gceanglas ceadúnúcháin a chinntiú. Cé nach n-úsáidtear é go minic, is gnách gur leor bagairt an ionchúisimh chun comhlíonadh rialála a chinntiú. D'imscrúdaíomar 334 chás lenar bhain ceannaitheoirí sa bhliain 2018. Aimsíodh go raibh formhór mór na gceannaitheoirí ag comhlíonadh na rialachán ceadúnúcháin. Aimsíodh 13 chás (2017: 64 chás) lenar bhain seirbhísí neamhcheadúnaithe, ar dá mbarr a foirceannadh na conarthaí a bhí ag soláthraithe neamhcheadúnaithe.

Lean ár gcigirí seachtracha le ról tábhachtach a chomhlíonadh i gcomhlíonadh a chinntiú sna hearnálacha Slándála Leictreonaí, agus cuairt á tabhairt acu ar gheall le 1,000 áitreabh gnó. Leathnaíodh an sainchúram atá orthu chuig an earnáil Glasadóirí agus ba cheart go bhfeicfimis tairbhí na gníomhaíochta sin sa bhliain 2019. Anuas ar a chinntiú go gcloítear leis na rialacháin cheadúnúcháin, comhlíonann na cigirí ról ríthábhachtach i dteachtaireacht an Údaráis a chur chun cinn i measc an lucht gnó.

Comhlíonadh Daoine Aonair

Sa bhliain 2018, rinneadh 957 gcigireacht neamhfhógartha ar áitribh cheadúnaithe, ar asraonta miondíola agus ar raon gnólachtaí eile i 126 láthair sa tír. Ba é an aidhm a bhí leis na cigireachtaí ná a chinntiú gur ceadúnaithe atá na daoine sin a fhostaítear chun seirbhísí slándála a sholáthar agus go gcomhlíonann siad an ceanglas le suaitheantais aitheantais a chaitheamh. Ar na daoine ar thángthas orthu, aimsíodh go raibh 96% díobh ceadúnaithe agus ag caitheamh a suaitheantais aitheantais.

| Sonraí | Maoirseoirí Dorais | Gardaí Slándála | Iomlán |
|---|---|---|---|
| **Cigireachtaí** | 73 | 53 | 126 |
| **Áitribh ar Tugadh Cuairt orthu** | 435 | 522 | 957 |
| **Áitribh a bhfuil Slándáil acu** | 342 | 298 | 640 |
| **Atá comhdhéanta de Chonraitheoirí** | 279 | 113 | 392 |
| **Atá comhdhéanta de Bhaill Foirne Inmheánacha** | 44 | 175 | 219 |
| **Atá comhdhéanta de Chonraitheoirí agus de Bhaill Foirne Inmheánacha** | 22 | 20 | 42 |
| **Baill Foirne Slándála ar Thángthas Orthu** | 292 | 762 | 1,054 |
| **Comhlíonadh Suaitheantas Aitheantais** | 95% | 96% | 96% |

**Tábla 6 Sonraí faoi Chigireachtaí ar Dhaoine Aonair don bhliain 2018**

# An Dul Chun Cinn a Rinneadh ar ár Spriocanna

Gníomhartha um Chomhlíonadh

Ar na gníomhartha um chomhlíonadh a fhéadfaimid a dhéanamh in aghaidh sealbhóirí ceadúnais a sháraíonn na rialacháin cheadúnúcháin tá ionchúiseamh, an ceadúnas a chúlghairm nó a fhionraí agus fógra forfheidhmiúcháin a eisiúint. Sa bhliain 2018, thugamar dhá ionchúiseamh rathúla os comhair na gcúirteanna. De bhreis air sin, aisghaireadh a gceadúnas i gcás 14 chonraitheoir agus 22 dhuine aonair agus cuireadh a gceadúnas ar fionraí ar feadh tréimhse i gcás dhá chonraitheoir agus ochtar daoine aonair. Eisíodh 56 fhógra forfheidhmiúcháin sa bhreis chuig sealbhóirí ceadúnais sa bhliain. I gcás go bhfaightear go bhfuil sealbhóir ceadúnais ar tugadh fógra forfheidhmiúcháin dó ag déanamh sárú eile ar na rialacháin cheadúnúcháin, déantar breithniú ar cheadúnas an tsealbhóra sin a chúlghairm nó a fhionraí.

Foráiltear le halt 39 de na hAchtanna um Sheirbhísí Slándála Príobháidí do shásra faoina bhféadfaidh duine gearán foirmiúil a dhéanamh in aghaidh sealbhóir ceadúnais. Fuarthas 50 gearán den sórt sin sa bhliain 2018. I 27 gcás, níor sheas an tÚdarás leis an ngearán agus, i gcás amháin, sheas sé leis an ngearán. Bhí 22 chás á bhfiosrú fós ag deireadh na bliana.

| Gníomh | 2017 | 2018 |
|---|---|---|
| **Comhairle** | 2 | 6 |
| **Foláireamh** | 5 | 5 |
| **Rabhadh** | 36 | 18 |
| **Iomardú** | 2 | 1 |
| **Fionraí** | 5 | 10 |
| **Cúlghairm** | 18 | 36 |
| **Ionchúiseamh** | 1 | 2 |

**Tábla 7 Achoimre ar Ghníomhartha Forfheidhmiúcháin a rinneadh sa bhliain 2018**

# An Dul Chun Cinn a Rinneadh ar ár Spriocanna

## Sprioc 3: Caighdeáin agus cáilíochtaí a ardú inár dtionscal.

**Caighdeáin**

I mí Lúnasa, sheolamar comhairliúchán poiblí ar dhaoine aonair a cheadúnú san earnáil Slándála Imeachtaí. Ag teacht sna sála air sin, reáchtáladh próiseas comhairliúcháin phoiblí i mí na Samhna ar cheanglais theicniúla ar an earnáil Rialaithe Rochtana agus ar dhoiciméad ceanglas a thiocfadh in ionad SR40:2006, an caighdeán reatha atá in úsáid sna hearnálacha Slándála Leictreonaí. Tá na caighdeáin nua le cur chun feidhme le linn na bliana 2019.

Cuireadh tús freisin le hobair ar chaighdeán teicniúil a fhorbairt le haghaidh geataí cumhachtaithe a shuiteáil agus a chothabháil d’fhonn comhairliúchán poiblí a reáchtáil ar an doiciméad sa bhliain 2019. Chuireamar grúpa oibre ar bun freisin chun breithniú a dhéanamh ar na ceanglais cheadúnúcháin atá ar an earnáil Sainchomhairleoirí Slándála.

Foilsíodh caighdeán nua bainistíochta cáilíochta don earnáil Airgid Thirim faoi Bhealach (PSA76:2018) le linn na bliana.

**Oiliúint**

Tugadh ceanglais oiliúna isteach le linn na bliana le haghaidh daoine aonair a cheadúnú san earnáil Faireacháin ar Aláraim Ionraidh agus san earnáil Faireacháin ar TCI. Rinneadh amhlaidh roimh na hearnálacha a cheadúnú. Chuir grúpa oibre atá ag iniúchadh na gceanglas oiliúna ar dhaoine aonair san earnáil Imscrúdaitheoirí Príobháideacha dréachtdoiciméad oiliúna le chéile. Tá an dréachtdoiciméad sin á athbhreithniú faoi láthair. Tá sé mar aidhm againn tréimhse ama le haghaidh an earnáil a cheadúnú a fhógairt sa bhliain 2019.

Le linn na bliana 2018, rinneadh cur chun feidhme ar Dhoiciméad Ceanglas ón Údarás ar Sholáthraithe Oiliúna a sholáthraíonn cúrsaí chun críocha ceadúnúcháin (TP1:2018). Is céim mhór í sin i dtreo faireachán a dhéanamh ar an soláthar oiliúna chun críocha ceadúnúcháin. De bhreis air sin, ní ghlacfar chun críocha oiliúna ach amháin le hoiliúint atá á soláthar ag Soláthraithe Oiliúna a chomhlíonann na ceanglais thuas agus atá ceadaithe ag an Údarás. Chuireamar Fóram Oiliúnaithe ar bun, áit a dtagann soláthraithe ceadaithe agus an tÚdarás le chéile chun nithe rialála agus tionscail a phlé. Bhí 25 Sholáthraí Oiliúna cheadaithe ann ag deireadh na bliana.

Chuireamar tús le scrúdú ar an bPrintíseacht i gCórais Slándála Leictreonaí chun a fháil amach an mbeadh nó nach mbeadh sí ina cáilíocht oiriúnach le haghaidh daoine aonair a cheadúnú sna hearnálacha Slándála Leictreonaí. Leanfar leis an obair sin sa bhliain 2019.

# An Dul Chun Cinn a Rinneadh ar ár Spriocanna

## Sprioc 4: Tairbhí ár dtionscail a chur chun cinn.

Leanamar le teagmháil a dhéanamh lenár sealbhóirí ceadúnais, le geallsealbhóirí tionscail, le cliaint na ngeallsealbhóirí tionscail agus leis an bpobal i gcoitinne sa bhliain 2019. Reáchtálamar feachtais faisnéise poiblí ar an raidió, i nuachtáin agus i sainirisí ceirde, ar lena linn a dhíríomar ár dteachtaireacht ar réimsí ar mheasamar go raibh iomrá lag orainn iontu. D'fhreastalaíomar ar roinnt móraontaí, áit ar labhraíomar le geallsealbhóirí agus leis an bpobal i gcoitinne agus ar dháileamar bileoga faisnéise éagsúla.

Tá ról tábhachtach inár dteachtaireacht a chur chun cinn á chomhlíonadh ag ár suíomh Gréasáin fós. Bhí breis agus 120,000 amas ag an suíomh sa bhliain 2018. Dá bharr sin, táimid ag déanamh infheistíocht i suíomh Gréasáin nua sa bhliain 2019, rud a thabharfaidh próifíl sna meáin chumarsáide dúinn den chéad uair riamh.



**Seimineár Faisnéise ar an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí**

I mí an Mhárta, d'eagraíomar seimineár faisnéise do shealbhóirí ceadúnais ar an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, a tháinig in éifeacht i mí na Bealtaine. Thug ionadaí ó Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí aitheasc ag an imeacht. Labhair an t-ionadaí faoi na hathruithe atá tagtha ar cheanglais chosanta sonraí agus faoi shaincheisteanna a bhaineann go sonrach leis an tionscal slándála.

D'fhoilsíomar cúig eagrán dár ríomhiris dar teideal "PSA Watch" le linn na bliana. Tá an ríomhiris ina modh éifeachtach le haghaidh faisnéis faoi imeachtaí tábhachtacha, an t-eolas is deireanaí agus fógraí suntasacha tionscail a thabhairt do pháirtithe leasmhara.

# An Dul Chun Cinn a Rinneadh ar ár Spriocanna

## Sprioc 5: Tacú lenár bhfoireann agus feabhas a chur ar ár n-eagraíocht.

Is iad ár mbaill foirne an acmhainn is mó atá againn agus aithnímid an méid a chuireann siad le rialáil a chur chun cinn. Comhlíonann siad ról lárnach inár bpleanáil gnó agus inár n-athbhreithnithe agus is mar thoradh ar smaointe ónár mbaill foirne a thángamar ar roinnt dár mbreitheanna is tábhachtaí. Leanamar le hinfheistíocht a dhéanamh in oiliúint agus forbairt foirne agus d'fhreastail baill foirne ar raon leathan cúrsaí agus seimineár sa bhliain 2018. Le linn na bliana, mhéadaigh ár líon ball foirne ó 41 duine (CL[2] a bhí cothrom le 36.0) go 46 dhuine (CL a bhí cothrom le 42.1) chun déileáil le méideanna méadaithe oibre agus chun obair ar chur chun feidhme an Phlean Straitéisigh nua.

Ag teacht sna sála ar aiseolas a fuarthas ó chustaiméirí, chuireamar feabhas ar ár seirbhís freagartha fóin i mí na Nollag ach ionad glaonna a fhostú chun ár nglaonna a phróiseáil thar ár gceann. Rinneadh an t-athrú roimh an tréimhse is gnóthaí sa timthriall ceadúnúcháin, ar lena linn a bhíonn méadú ann sa líon glaonna a chuirtear orainn. Is dearfach atá an t-aiseolas tosaigh a fuarthas ó chustaiméirí agus ó bhaill foirne araon.




Sa bhliain 2018, bhronn Oifig na nOibreacha Poiblí dámhachtain orainn as éifeachtúlacht fuinnimh i bhFoirgneamh Stairiúil. Bronnadh an dámhachtain mar aitheantas do na héifeachtúlachtaí coigilte fuinnimh a baineadh amach i bhfoirgneamh an Údaráis.

---

[2] CL = Coibhéis lánaimseartha, rud ina gcuirtear san áireamh baill foirne a bhfuil patrúin dhifriúla chomhroinnte oibre acu.

# Ráiteas faoi Rialú Inmheánach

**Raon Freagrachta**

Thar ceann Bhord an Údaráis Slándála Príobháidí (an tÚdarás) agus de réir cheanglais an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016 (an "Cód"), ba mhaith liom a admháil go bhfuil freagracht ar an mBord as a chinntiú go ndéanann an tÚdarás córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a choinneáil ar bun agus a oibriú.

**Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh**

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a choinneáil ar leibhéal inghlactha, seachas deireadh a chur leis. Ní féidir leis, dá bhrí sin, ach dearbhú réasúnach, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt nach dtarlóidh caillteanas nó earráid. Forbraíodh an córas reatha rialuithe thar roinnt mhaith blianta agus cuireadh é faoi athbhreithniú leanúnach ag Bord an Údaráis. Ceapadh an Bord reatha i mí na Samhna 2017.

**Bainistíocht Riosca**

Tháinig an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile ceithre huaire sa bhliain 2018. Tá sé comhdhéanta de cheathrar comhaltaí den Bhord, a bhfuil saineolas airgeadais ag duine amháin díobh agus a bhfuil duine amháin eile díobh ar an gCathaoirleach. Gníomhaíonn comhalta den Choiste Feidhmiúcháin mar Rúnaí. Cuireadh an chéad chruinniú de chuid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ar siúl i mí Eanáir 2018.

Soláthraíonn Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais seirbhísí iniúchóireachta inmheánaí don Údarás. Comhaontaítear an clár oibre idir an tAonad, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Coiste Feidhmiúcháin.

Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú leanúnach ar an mbeartas bainistíochta riosca agus cuirtear tuarascáil riosca i láthair ag gach cruinniú de chuid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus de chuid an Bhoird.

**An Creat Riosca agus Rialaithe**

Chuir an tÚdarás córas bainistíochta riosca chun feidhme, rud ina sainaithnítear agus ina dtuairiscítear na príomhrioscaí atá ann agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir é, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina leagtar amach na príomhrioscaí atá roimh an Údarás. Rinneadh na rioscaí sin a mheas agus a ghrádú bunaithe ar a shuntasaí atá siad. Bíonn an clár á athbhreithniú agus a athrú chun dáta (ag Coiste Feidhmiúcháin an Údaráis), bíonn sé á bhreithniú ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca agus bíonn sé á athbhreithniú ag Cruinnithe Boird an Údaráis. Úsáidtear an toradh ar na measúnuithe sin chun a chinntiú go gcoinnítear rioscaí ar leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus ar an bhfreagracht a leagtar ar bhainisteoirí sonracha as rialuithe a oibriú. Áirítear na nithe seo a leanas leis an timpeallacht rialaithe:

- taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis ghnó.
- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- tá córas buiséadaithe cuí i bhfeidhm, rud lena ngabhann buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag an mBord agus ag an lucht ardbhainistíochta.
- tá córais i bhfeidhm a bhfuil mar aidhm leo slándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú.
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

**Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnach**

Déanann an lucht ardbhainistíochta faireachán ar gach próiseas rialaithe. Déantar easnaimh rialaithe a thuairisciú agus a phlé ag cruinnithe an lucht bainistíochta. Coinnítear an Bord ar an eolas faoi nithe ábhartha trí thuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh ag gach cruinniú Boird agus tríd an gClár Rioscaí. Tá foireann iniúchóireachta ag an bPríomhfheidhmeannach. Déanann an fhoireann sin seiceálacha tréimhsiúla ar gach gné den ghnó. Deimhním go bhfuil na córais faireacháin leanúnaigh seo a leanas i bhfeidhm:

- Sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a thuairisciú,
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal mar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais, agus
- Déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais ina gcuirtear an fheidhmíocht iarbhír i gcomparáid leis an mbuiséad nó leis an bhfeidhmíocht thuartha.

**Bearta Breise Rialaithe**

Ar na bearta breise rialaithe sa bhliain 2018 bhí iniúchadh a rinne Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí ar ár gCórais Chosanta Sonraí agus iniúchadh a rinne Mazars ar ár gCórais TF thar ceann na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

**Soláthar**

Sa bhliain 2018, chomhlíon an tÚdarás na rialacha agus na treoirlínte atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le soláthar agus chloígh sé le treoirlínte na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais i dtaca le sonraisc a íoc.

**Athbhreithniú ar Éifeachtacht**

Ceapadh Bord reatha an Údaráis i mí na Samhna 2017. Ceapadh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag an gcéad chruinniú de chuid an Bhoird i mí na Nollag 2017. Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar na rialuithe inmheánacha a bhí i bhfeidhm sa bhliain 2018 a chur i gcrích sa bhliain 2019. Chuir Cathaoirleach an Bhoird a lámh le Meastóireacht Feidhmíochta an Bhoird don bhliain 2018 ag an gcruinniú Boird a cuireadh ar siúl an 27 Bealtaine 2019.

**An Beartas Frithchalaoise agus an Beartas um Nochtadh Cosanta**

Ní dhearnadh aon nochtadh sa bhliain 2018 faoin mBeartas Frithchalaoise ná faoin mBeartas um Nochtadh Cosanta atá i bhfeidhm ag an Údarás.

**Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh**

Níor sainaithníodh sa rialú inmheánach i dtaca leis an mbliain 2018 aon laigí is gá a nochtadh sna ráitis airgeadais. Rinne an Bord breithniú ar an gClár Rioscaí ag a chruinniú i mí na Nollag 2018. Níl aon saincheisteanna rialaithe inmheánaigh ann atá le tuairisciú.



Noel Lappin
Cathaoirleach
27 Bealtaine 2019

**Moltaí ó Thuarascáil an Aonaid Iniúchóireachta Inmheánaí (IAU) agus ó Thuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (CAG) agus Tuairimí an Lucht Bainistíochta ina leith - ar oscailt fós ag an 31 Nollaig 2018**

| | Moladh | Tuairim an Lucht Bainistíochta | Stádas Reatha |
|---|---|---|---|
| **IAU1** | Is é tuairim an Aonaid Iniúchóireachta Inmheánaí gurbh é an réiteach forbartha is fearr ná córas níos cuíchóirithe um shonraí a chur isteach in Slicma, áit a bhfíorófaí ioncam go huathoibríoch trí Realex/Elavon sula gcuirfí é chuig cuntas bainc an Údaráis. | Aontaíonn an tÚdarás leis an moladh sin agus díreoidh sé aird Rannóg TF na Roinne air. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, go mbítear ag réiteach na n-íocaíochtaí sin de láimh faoi láthair. Cé nach í sin an rogha is fearr, tugtar sásra rialaithe léi. | **Ar Feitheamh** – Teastaíonn acmhainní chun infheistíocht a dhéanamh i réiteach TF. |
| **IAU2** | Ba cheart plean teagmhasach doiciméadaithe a bheith i bhfeidhm, rud ina leagtar amach an nós imeachta nach mór cloí leis i gcás nach féidir rochtain a fháil ar áitreabh an Údaráis i dTiobraid Árann. | Tá comhaontú leis an Roinn ag an Údarás go mbogfadh sé chuig oifigí na Roinne ar Bhóthar Rosanna i gcás den sórt sin. | **Ar Feitheamh** – Cuirfear chun feidhme é a luaithe a chuirtear acmhainní ar fáil. |
| **C&AG1** | Moltar san iniúchadh go réiteofaí na ceadúnais a eisítear in aon tréimhse ar leith leis an ioncam a fhaightear sa tréimhse sin. | Íoctar na táillí ag an am a thaisctear an t-iarratas agus taifeadtar iad ar an dá bhunachar sonraí ceadúnúcháin. Réitítear íocaíochtaí le hiarratais ar bhonn laethúil agus ní bheifear in ann iarratas a phróiseáil mura dtaifeadtar an íocaíocht. Socraítear ár mbunachair shonraí ar bhealach a fhágann nach mbeifear in ann ceadúnas a eisiúint mura dtaifeadtar na sonraí íocaíochta.<br><br>Ní eisítear ceadúnas mar thoradh ar gach iarratas agus, i gcás conraitheoirí, is féidir go n-aisíocfar cuid den táille i gcúinsí áirithe. Chomh maith leis sin, tarlaíonn sé in amanna go bhfuil aga suntasach moille ann idir iarratas a fháil agus ceadúnas a eisiúint. Maireann sé breis agus 12 mhí i líon beag cásanna. Mar thoradh air sin, is é an cleachtas reatha go réitítear táillí ceadúnais leis na hiarratais a fhaightear in aon tréimhse ar leith, in ionad iad a réiteach leis na ceadúnais a eisítear. Ghlac an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste leis sin in iniúchtaí roimhe seo. | **Ar Feitheamh** – Tá sé le hathbhreithniú mar chuid de Chóras Réitigh Íocaíochtaí a fhorbairt (féach **IAU1** thuas). |

# Ráitis Airgeadais

# An tÚdarás Slándála Príobháidí

# Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

# RÁITIS AIRGEADAIS
## DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2018

## CLÁR ÁBHAR LEATHANACH


| | |
|---|---|
| Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird | 34 |
| Ráiteas faoi Rialú Inmheánach | 39 |
| Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim | 42 |
| Ráiteas faoin Staid Airgeadais | 43 |
| Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid | 44 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 45 |

## RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL NA gCOMHALTAÍ BOIRD

**Rialachas**
Cuireadh Bord an Údaráis Slándála Príobháidí ar bun faoi na hAchtanna um Sheirbhísí Slándála Príobháidí, 2004 agus 2011. Ceapadh an Bord reatha i mí na Samhna 2017 ar feadh téarma ceithre bliana. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in alt 8 de na hAchtanna.

Tá an Bord cuntasach don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus bhí comhaontú maoirseachta i bhfeidhm aige leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais don bhliain 2018. Sa chomhaontú maoirseachta sin, sainítear an caidreamh idir an tÚdarás agus an Roinn agus leagtar amach na spriocanna agus na cuspóirí comhaontaithe don bhliain.

Tá an Bord freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus comhlíonann sé an cúram sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach saincheist thábhachtach ghnó. D'fhoilsigh an Bord an Plean Straitéiseach uaidh don tréimhse 2019 – 2021 i mí na Samhna 2018. Is ar an bPríomhfheidhmeannach agus ar an bhfoireann ardbhainistíochta atá an fhreagracht as an Údarás a bhainistiú, a rialú agus a threorú ar bhonn laethúil. Cloíonn an Príomhfheidhmeannach agus an fhoireann ardbhainistíochta leis an mórthreo straitéiseach a leagann an Bord síos agus cinntíonn siad go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta Boird ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an Údarás agus ar aon rioscaí suntasacha ar dóigh dóibh teacht chun cinn. Gníomhaíonn an Príomhfheidhmeannach mar idirghabhálaí díreach idir an Bord agus lucht bainistíochta an Údaráis.

**Freagrachtaí an Bhoird**
Tá an obair a dhéanann an Bord agus na freagrachtaí atá air leagtha amach sna hAchtanna um Sheirbhísí Slándála Príobháidí. Tá na comhaltaí Boird tiomanta dá chinntiú go ngníomhóidh siad de réir an dea-chleachtais rialachais. I dteannta an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit, ní mór do na comhaltaí Boird cloí leis na nithe seo a leanas freisin;

- Treoirlínte Rialachais Ginearálta,
- An Cód Iompair Ghnó,
- Eitic in Oifigí Poiblí,
- An Beartas um Nochtadh Cosanta,
- Na forálacha neamhnochta de na hAchtanna um Sheirbhísí Slándála Príobháidí, 2004 agus 2011.

Áirítear iad seo a leanas leis na buanmhíreanna ar chlár oibre na gcruinnithe Boird:

- Dearbhú Leasanna,
- Miontuairiscí cruinnithe,
- Tuarascálacha coiste,
- Tuarascálacha airgeadais/Cuntais bhainistíochta,
- An Clár Rioscaí,
- An Plean Gnó Bliantúil agus an t-eolas is deireanaí ar an bPlean Straitéiseach.

Ag cruinnithe Boird, tugann an Príomhfheidhmeannach an t-eolas is deireanaí go rialta ar nithe oibriúcháin, ar chur chun feidhme bheartas an Bhoird, ar nithe buiséadacha agus ar aon saincheisteanna ábhartha eile.

Ceanglaítear le halt 4 de Sceideal 1 a ghabhann leis na hAchtanna um Sheirbhísí Slándála Príobháidí ar an bPríomhfheidhmeannach, faoi stiúir ag an mBord, na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead ar fad a fhaigheann sé agus a chaitheann sé a choimeád i cibé foirm a cheadóidh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá an Bord freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choinneáil, ina gcuirtear a staid airgeadais in iúl le cruinneas réasúnta ag am ar bith. Tá an Bord freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus, le linn dó déanamh amhlaidh, ní mór don Bhord:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin i gcás go bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh sé ag feidhmiú, agus
- a lua cé acu a leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha atá mínithe agus nochta sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as an bplean gnó bliantúil agus an buiséad bliantúil a cheadú. Déantar é sin ag an gcruinniú Boird i mí Eanáir gach bliain.

Cuireadh Meastóireacht Feidhmíochta an Bhoird don bhliain 2018 i gcrích.

Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus, dá bhrí sin, as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Measann an Bord go dtugtar léargas fírinneach cóir i ráitis airgeadais an Údaráis ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais an Údaráis ag an 31 Nollaig 2018.

**Struchtúr an Bhoird**
Rinne an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais an bord reatha a cheapadh an 9 Samhain 2017. Is é seo a leanas an liosta de na comhaltaí Boird ag an 31 Nollaig 2018;

| | |
|---|---|
| Noel Lappin | Cathaoirleach |
| Padraic Cafferty | Ionadaí d'Fhostóirí |
| Siobhán Cleary | Ionadaí do Bhaill Foirne an Údaráis Slándála Príobháidí |
| Alan Durnan | Ionadaí d'Fhostóirí |
| John Garry | Ionadaí don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais |
| Sean Heading | Ionadaí d'Fhostaithe |
| Geraldine Kelly | Ionadaí Dlíthiúil |
| An Coimisinéir Cúnta John O'Driscoll | Ionadaí don Gharda Síochána |
| Richard O'Farrell | Ceapaí Lánroghnach Neamhshainithe |
| Bryan Redmond | Ionadaí don Aire Oideachais agus Scileanna |
| Christy Waters | Ionadaí d'Fhostaithe |

Tháinig an Bord le chéile 5 huaire sa bhliain 2018. Achoimrítear an freastal ar na cruinnithe sin sa tábla thíos:

| AINM | 29/01/2018 | 26/03/2018 | 28/05/2018 | 24/09/2018 | 26/11/2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Noel Lappin** | √ | √ | √ | √ | √ |
| **Padraic Cafferty** | √ | √ | √ | √ | √ |
| **Siobhán Cleary** | √ | √ | √ | X | √ |
| **Alan Durnan** | X | √ | √ | √ | √ |
| **John Garry** | √ | √ | X | √ | √ |
| **Sean Heading** | √ | X | √ | √ | √ |
| **Geraldine Kelly** | √ | √ | √ | √ | √ |
| **An Coimisinéir Cúnta John O'Driscoll** | √ | √ | X | X | √ |
| **Richard O'Farrell** | √ | √ | √ | √ | √ |
| **Bryan Redmond** | √ | √ | √ | √ | √ |
| **Christy Waters** | √ | √ | √ | √ | √ |

**An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca**

Tháinig an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile 4 huaire sa bhliain 2018 agus, ar ócáid amháin, bhuail sé le hIniúchóir sinsearach ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (gan Coiste Feidhmiúcháin an Údaráis a bheith i láthair). Is iad Geraldine Kelly (Cathaoirleach), John Garry, Alan Durnan agus Richard O'Farrell na comhaltaí den Choiste. Is é Pat Gooley an Rúnaí don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Is é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca tacú leis an mBord maidir leis na freagrachtaí atá air i ndáil le riosca, le rialú agus rialachas agus le dearbhú gaolmhar. Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca neamhspleách ar lucht bainistíochta airgeadais na heagraíochta. Go háirithe, cinntíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca go ndéantar faireachán gníomhach neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Tugann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca tuairisc fhoirmiúil i scríbhinn don Bhord ag gach cruinniú.

## TÁILLÍ COMHALTAÍ BOIRD

Íocadh táillí €63,911 le comhaltaí Boird sa bhliain 2018 (2017: €37,834), mar seo a leanas:

| Comhalta Boird | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Noel Lappin (Cathaoirleach) | 11,970 | 8,977 |
| Padraic Cafferty | 7,695 | 5,771 |
| Geraldine Kelly | 7,695 | 5,771 |
| Christy Waters | 7,695 | 5,771 |
| Alan Durnan | 9,618 | N/B |
| Sean Heading | 9,618 | N/B |
| Richard O'Farrell | 9,618 | N/B |
| John O'Driscoll | - | - |
| Arthur Hall | N/B | 3,847 |
| Freda O'Dowd | N/B | 3,847 |
| Ann Reid | N/B | 3,847 |
| John Garry | - | N/B |
| Bryan Redmond | - | N/B |
| Siobhán Cleary | - | N/B |
| | **63,911** | **37,833** |

- Ciallaíonn N/B nach raibh an duine ina c(h)omhalta den Bhord sa bhliain sin.
- Is airde na táillí a íocadh le triúr comhaltaí Boird sa bhliain 2018 ná iad sin a íocadh leis na comhaltaí eile toisc gur ceapadh na comhaltaí sin chuig an mBord nua i mí na Samhna 2017 agus nach bhfuair siad a dtáille Boird faoi seach go dtí an bhliain 2018.

### An nochtadh a cheanglaítear leis an gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann an tÚdarás ceanglais an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit ("an Cód") arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Ceanglaítear an nochtadh seo a leanas leis an gCód.

### Sochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

**Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe ar fiú níos mó ná €60,000 iad**

| Raon na Sochar Fostaithe Iomlán | | | Líon Fostaithe | |
|---|---|---|---|---|
| **Ó** | | **Go** | **2018** | **2017** |
| €60,000 | - | €69,999 | 4 | 2 |
| €70,000 | - | €79,999 | 2 | 2 |
| €80,000 | - | €89,999 | 0 | 0 |
| €90,000 | - | €99,999 | 1 | 1 |

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€** | € |
| **Costais Chomhairleachta** | | |
| - Seirbhísí comhairleachta | **67,593** | 32,437 |
| - Caidreamh poiblí/margaíocht | **204,729** | 228,161 |
| - Eile | **24,226** | 30,967 |
| | | |
| **Costais Dlí** | | |
| - Táillí dlí | **30,924** | 34,776 |
| - Comhairle dlí | **17,585** | 1,794 |
| | | |
| **Fáilteachas** | | |
| - Fáilteachas | **1,755** | Nialas |
| | | |
| **Caiteachas Taistil agus Cothaithe** | | |
| - Taisteal Intíre Comhaltaí Boird | **2,532** | 1,847 |
| - Taisteal Idirnáisiúnta Comhaltaí Boird | **Nialas** | Nialas |
| - Taisteal Intíre Fostaithe | **82,677** | 89,215 |
| - Taisteal Idirnáisiúnta Fostaithe | **4,170** | 496 |
| | | |
| **Tuarastal/Taisteal agus Cothú an Phríomhfheidhmeannaigh** | | |
| - Tuarastal | **99,458** | 90,426 |
| - Taisteal/Cothú | **8,726** | 8,593 |

**Ráiteas faoi Chomhlíonadh**

Ghlac an Bord an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) agus chuir sé nósanna imeachta i bhfeidhm chun an Cód a chomhlíonadh. Leanfaidh an tÚdarás leis an gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit a ghlacadh agus tabharfaidh sé aird ar aon mhíreanna neamhchomhlíonta a sainaithneoidh na hiniúchóirí faoi seach iad as seo amach.

## RÁITEAS FAOI RIALÚ INMHEÁNACH

### Raon Freagrachta

Thar ceann Bhord an Údaráis Slándála Príobháidí (an tÚdarás) agus de réir cheanglais an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016 (an "Cód"), ba mhaith liom a admháil go bhfuil freagracht ar an mBord as a chinntiú go ndéanann an tÚdarás córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a choinneáil ar bun agus a oibriú.

### Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a choinneáil ar leibhéal inghlactha, seachas deireadh a chur leis. Ní féidir leis, dá bhrí sin, ach dearbhú réasúnach, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt nach dtarlóidh caillteanas nó earráid. Forbraíodh an córas reatha rialuithe thar roinnt mhaith blianta agus cuireadh é faoi athbhreithniú leanúnach ag Bord an Údaráis. Ceapadh an Bord reatha i mí na Samhna 2017.

### Bainistíocht Riosca

Tháinig an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile ceithre huaire sa bhliain 2018. Tá sé comhdhéanta de cheathrar comhaltaí den Bhord, a bhfuil saineolas airgeadais ag duine amháin díobh agus a bhfuil duine amháin eile díobh ar an gCathaoirleach. Gníomhaíonn comhalta den Choiste Feidhmiúcháin mar Rúnaí. Cuireadh an chéad chruinniú de chuid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ar siúl i mí Eanáir 2018.

Soláthraíonn Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais seirbhísí iniúchóireachta inmheánaí don Údarás. Comhaontaítear an clár oibre idir an tAonad, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Coiste Feidhmiúcháin.

Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú leanúnach ar an mbeartas bainistíochta riosca agus cuirtear tuarascáil riosca i láthair ag gach cruinniú de chuid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus de chuid an Bhoird.

### An Creat Riosca agus Rialaithe

Chuir an tÚdarás córas bainistíochta riosca chun feidhme, rud ina sainaithnítear agus ina dtuairiscítear na príomhrioscaí atá ann agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir é, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina leagtar amach na príomhrioscaí atá roimh an Údarás. Rinneadh na rioscaí sin a mheas agus a ghrádú bunaithe ar a shuntasaí atá siad. Bíonn an clár á athbhreithniú agus a athrú chun dáta (ag Coiste Feidhmiúcháin an Údaráis), bíonn sé á bhreithniú ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca agus bíonn sé á athbhreithniú ag Cruinnithe Boird an Údaráis. Úsáidtear an toradh ar na measúnuithe sin chun a chinntiú go gcoinnítear rioscaí ar leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus ar an bhfreagracht a leagtar ar bhainisteoirí sonracha as rialuithe a oibriú. Áirítear na nithe seo a leanas leis an timpeallacht rialaithe:

- taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis ghnó,
- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach,
- tá córas buiséadaithe cuí i bhfeidhm, rud lena ngabhann buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag an mBord agus ag an lucht ardbhainistíochta,
- tá córais i bhfeidhm a bhfuil mar aidhm leo slándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú,
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

**Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnach**

Déanann an lucht ardbhainistíochta faireachán ar gach próiseas rialaithe. Déantar easnaimh rialaithe a thuairisciú agus a phlé ag cruinnithe an lucht bainistíochta. Coinnítear an Bord ar an eolas faoi nithe ábhartha trí thuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh ag gach cruinniú Boird agus tríd an gClár Rioscaí. De bhreis air sin, bhunaigh an Príomhfheidhmeannach foireann iniúchóireachta a dhéanann seiceálacha tréimhsiúla ar gach gné den ghnó. Deimhním go bhfuil na córais faireacháin leanúnaigh seo a leanas i bhfeidhm:

- Sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a thuairisciú,
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal mar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais, agus
- Déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais ina gcuirtear an fheidhmíocht iarbhír i gcomparáid leis an mbuiséad nó leis an bhfeidhmíocht thuartha.

**Bearta Breise Rialaithe**

Ar na bearta breise rialaithe sa bhliain 2018 bhí iniúchadh a rinne Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí ar ár gCórais Chosanta Sonraí agus iniúchadh a rinne Mazars ar ár gCórais TF thar ceann na Roinne.

**Soláthar**

Sa bhliain 2018, chomhlíon an tÚdarás na rialacha agus na treoirlínte atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le soláthar agus chloígh sé le treoirlínte na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais i dtaca le sonraisc a íoc.

**Athbhreithniú ar Éifeachtacht**

Ceapadh Bord reatha an Údaráis i mí na Samhna 2017. Ceapadh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag an gcéad chruinniú de chuid an Bhoird nua i mí na Nollag 2017. Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar na rialuithe inmheánacha a bhí i bhfeidhm sa bhliain 2018 a chur i gcrích sa bhliain 2019. Cuireadh Meastóireacht Feidhmíochta an Bhoird don bhliain 2018 i gcrích.

**Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh**

Níor sainaithníodh sa rialú inmheánach i dtaca leis an mbliain 2018 aon laigí is gá a nochtadh sna ráitis airgeadais.

An tUasal Paul Scallan
Príomhfheidhmeannach:  Dáta: 27 Bealtaine 2019

An tUasal Noel Lappin
Cathaoirleach:  Dáta: 27 Bealtaine 2019

## RÁITEAS FAOI IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS CÚLCHISTÍ COINNITHE IONCAIM DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2018

| | | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Nótaí** | **€** | **€** | **€** | **€** |
| **IONCAM** | | | | | |
| Deontas ón Oireachtas | **2** | | **2,697,417** | | 2,795,914 |
| Táillí Ceadúnais | **3** | | **2,468,967** | | 3,042,919 |
| Cigireacht | **16** | | **1,475** | | 9,524 |
| | | | **5,167,859** | | 5,848,357 |
| Aistriú ón/(chuig an) gCuntas Caipitil | **9** | | **58,494** | | (97,025) |
| | | | **5,226,353** | | 5,751,332 |
| **CAITEACHAS** | | | | | |
| Costais Foirne | **4** | **2,053,429** | | 1,904,532 | |
| Riarachán | **5** | **703,195** | | 799,741 | |
| Caiteachas Iomlán | | **2,756,624** | | 2,704,273 | |
| Barrachas don bhliain roimh mhéideanna a cuireadh ar aghaidh | | | **2,469,729** | | 3,047,059 |
| Méid a cuireadh ar aghaidh chuig an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais | **3** | | **(2,418,245)** | | (3,161,954) |
| **Barrachas/(Easnamh) don bhliain** | | | **51,484** | | (114,895) |
| **Barrachas a tugadh ar aghaidh** | | | **157,210** | | 272,105 |
| **Barrachas ag an 31 Nollaig** | | | **208,694** | | 157,210 |

**Áirítear leis an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim na gnóthachain agus na caillteanais uile a aithníodh sa bhliain. Tá an ráiteas faoi shreabhadh airgid agus nótaí 1 go 17 mar chuid dhílis de na ráitis airgeadais seo.**

An tUasal Paul Scallan
Príomhfheidhmeannach: Dáta: 27 Bealtaine 2019

An tUasal Noel Lappin
Cathaoirleach: Dáta: 27 Bealtaine 2019

## RÁITEAS FAOIN STAID AIRGEADAIS AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2018

| | Nótaí | € | 2018 € | € | 2017 € |
|---|---|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ INLÁIMHSITHE** | | | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | **6** | | **180,671** | | 239,165 |
| | | | | | |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | | | | |
| Méideanna infhaighte | **7** | **9,211** | | 8,402 | |
| Banc agus airgead | | **209,940** | | 158,642 | |
| Fardal | | **5,155** | | 5,778 | |
| | | | **224,306** | | 172,822 |
| | | | | | |
| **DLITEANAIS REATHA** | | | | | |
| Méideanna iníoctha | **8** | | **15,612** | | 15,612 |
| | | | | | |
| **GLANSÓCMHAINNÍ REATHA** | | | **208,694** | | 157,210 |
| | | | | | |
| **GLANSÓCMHAINNÍ IOMLÁNA** | | | **389,365** | | 396,375 |
| | | | ========== | | ========== |
| | | | | | |
| **DLITEANAIS FHADTÉARMACHA** | | | | | |
| Cuntas Caipitil | **9** | | **180,671** | | 239,165 |
| Ioncam agus Caiteachas agus Tuilleamh Coinnithe | | | **208,694** | | 157,210 |
| | | | **389,365** | | 396,375 |
| | | | ========== | | ========== |

**Tá an ráiteas faoi shreabhadh airgid agus nótaí 1 go 17 mar chuid dhílis de na ráitis airgeadais seo.**

An tUasal Paul Scallan
Príomhfheidhmeannach:  Dáta: 27 Bealtaine 2019

An tUasal Noel Lappin
Cathaoirleach:  Dáta: 27 Bealtaine 2019

## RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID DON BHLIAIN

## DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2018

| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | **2018** | **2017** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Barrachas/(easnamh) oibriúcháin don bhliain | **51,484** | (114,895) |
| Dímheas Sócmhainní Inláimhsithe | **58,494** | 47,990 |
| Aistriú chuig an gCuntas Caipitil | **(58,494)** | 97,025 |
| Laghdú/(Méadú) ar Fhardal | **623** | 1,761 |
| (Méadú)/Laghdú ar Mhéideanna Infhaighte | **(809)** | (37) |
| (Laghdú)/Méadú ar Mhéideanna Iníoctha | **0** | 0 |
| Caillteanas ar dhiúscairt réadmhaoine, gléasra agus trealaimh | **0** | 0 |
| | ------------- | ------------- |
| **Insreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | **51,298** | 31,844 |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | |
| Íocaíochtaí chun réadmhaoin, gléasra agus trealamh a cheannach | **0** | (145,015) |
| **Méadú/(Laghdú) ar airgead agus ar choibhéisí airgid** | **51,298** | (113,171) |
| | ========== | ========= |

## RÁITEAS FAOI ATHRUITHE I nGLANCHISTÍ

| | **2018** | **2017** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Glanchistí ag an 1 Eanáir | **158,642** | 271,813 |
| Glanchistí ag an 31 Nollaig | **209,940** | 158,642 |
| Méadú/(Laghdú) ar Airgead | **51,298** | (113,171) |
| | ========= | ======== |

**Tá nótaí 1 go 17 mar chuid dhílis de na ráitis airgeadais seo.**

An tUasal Paul Scallan
Príomhfheidhmeannach:  Dáta: 27 Bealtaine 2019

An tUasal Noel Lappin
Cathaoirleach:  Dáta: 27 Bealtaine 2019

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN

## DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2018

### 1. RÁITEAS FAOI BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Tá an bunús cuntasaíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad go léir ar fud na bliana agus don bhliain roimhe. Nuair ba ghá, rinneadh figiúirí comparáideacha a athlua ar an mbunús céanna a úsáideadh d'fhigiúirí na bliana reatha.

#### A. FAISNÉIS GHINEARÁLTA

Cuireadh an tÚdarás Slándála Príobháidí ar bun faoin Acht um Sheirbhísí Slándála Príobháidí, 2004. Tá a cheannoifig lonnaithe i mBaile Thiobraid Árann. Is Eintiteas Leasa Phoiblí é an tÚdarás Slándála Príobháidí.

#### B. BUNÚS CUNTASAÍOCHTA

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo de réir na mbeartas cuntasaíochta atá leagtha amach thíos agus de réir na bprionsabal cuntasaíochta a bhfuil glacadh leo faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil.

#### C. TÁILLÍ CEADÚNAIS

Aithnítear táillí ceadúnais mar ioncam sa tréimhse ina bhfaightear iad. Déantar na táillí a bhailítear a chur ar aghaidh ar bhonn míosúil chuig an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, bunaithe ar na méideanna a fuair an tÚdarás sa mhí roimhe. Ní aithnítear dliteanas i leith aon táillí a fhaightear sa mhí dheireanach den bhliain chuntasaíochta agus a chuirtear ar aghaidh chuig an Roinn an bhliain ina dhiaidh sin.

#### D. DEONTAIS ÓN OIREACHTAS

Taifeadtar deontais ón Oireachtas ar bhonn airgid a fhaightear. Is é atá i ndeontais ón Oireachtas ná cistí a thugtar don Údarás trí Vóta na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais, áit a n-íocann an Roinn costais tuarastail agus riaracháin go díreach.

#### E. RÉADMHAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH AGUS DÍMHEAS

Léirítear réadmhaoin, gléasra agus trealamh de réir costais, nó de réir margadhluach measta, lúide dímheas carntha.

Déantar sócmhainní seasta a dhímheas de réir méid cothrom thar a saolré úsáideach mheasta dar tosach an mhí ina gcuirtear an tsócmhainn lena mbaineann i seirbhís.

| | |
|---|---|
| Troscán & Feistis | 10% |
| Trealamh TF | 20% |
| Córas Athnuachana ar Líne | 20% |
| Trealamh Oifige | 20% |

| | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|
| **2. DEONTAS ÓN OIREACHTAS** | | |
| Fo-Mhírcheann B16 de Vóta 24 – Dlí agus Ceart agus Comhionannas<br>- le haghaidh pá agus costais riaracháin ghinearálta | **2,697,417** | 2,795,914 |

## 3. TÁILLÍ CEADÚNAIS

Tá an timthriall ceadúnúcháin ina thimthriall dhá bhliain do chonraitheoirí agus ina thimthriall trí bliana do dhaoine aonair. Bíonn formhór na gceadúnas atá ina seilbh ag conraitheoirí le hathnuachan i mbliain 1 agus bíonn formhór na gceadúnas atá ina seilbh ag daoine aonair le hathnuachan i mbliain 2 den timthriall 3 bliana. Cé gurb airde an líon iarratas a fhaightear ó dhaoine aonair ná ó chonraitheoirí, is ísle an t-ioncam táillí ceadúnais a ghnóthaítear ó dhaoine aonair ná ó chonraitheoirí. Dá bhrí sin, bíonn ioncam táillí an Údaráis ag luainiú ar aon dul leis an timthriall ceadúnúcháin.

**Méid a cuireadh ar aghaidh chuig an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais**

| | **2018** | **2017** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Táillí ceadúnais a fuarthas sa tréimhse roimhe a bhí le cur ar aghaidh i dtús na bliana | **158,603** | 271,613 |
| Muirir bhainc sa bhliain | **(919)** | (3,499) |
| Ioncam táillí ceadúnais sa bhliain | **2,468,967** | 3,042,919 |
| Ioncam Cigireachta | **1,475** | 9,524 |
| Méid a cuireadh ar aghaidh chuig an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais | **2,418,245** | 3,161,954 |
| Méid a bhí le cur ar aghaidh ag deireadh na bliana | **209,881** | 158,603 |

## 4. COSTAIS FOIRNE

| | **2018** | **2017** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Tuarastail agus pá | **1,964,049** | 1,814,821 |
| Taisteal agus cothú - Náisiúnta | **85,210** | 89,215 |
| Taisteal agus cothú - Idirnáisiúnta | **4,170** | 496 |
| | **2,053,429** | 1,904,532 |

Bhí 45 bhall foirne fostaithe ag an Údarás ag an 31 Nollaig 2018 (2017: 41).

| | **2018** | **2017** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |

## 5. RIARACHÁN

| | | |
|---|---|---|
| **Costais Chomhairleachta** | | |
| Seirbhísí comhairleachta | **67,593** | 32,437 |
| Comhairle dlí | **17,585** | 1,794 |
| Táille iniúchóireachta | **11,000** | 11,000 |
| Táille cuntasaíochta | **4,612** | 4,612 |
| Caidreamh poiblí/margaíocht | **204,729** | 228,161 |
| Eile | **24,226** | 30,967 |
| **Ginearálta** | | |
| Speansais oifige | **76,775** | 75,796 |
| Táillí chomhaltaí an Údaráis | **63,911** | 37,834 |
| Costais chumarsáide | **60,177** | 67,655 |
| Costais cheadúnúcháin | **55,623** | 83,879 |
| Dímheas | **58,494** | 47,990 |
| Deisiúcháin agus cothabháil | **4,357** | 4,342 |
| Cigirí Seachtracha | **8,400** | 27,450 |
| Costais eile TF | **1,668** | 34,664 |
| **Costais Dlí** | | |
| Táillí dlí | **30,924** | 34,776 |
| **Fáilteachas** | | |
| Fáilteachas | **1,755** | - |
| **An Bord Achomhairc** | **11,366** | 76,384 |
| | **703,195** | 799,741 |

## 6. RÉADMHAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH

| | Troscán & Feistis € | Trealamh TF € | Córas Athnuachana ar Líne € | Trealamh Oifige € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|---|
| **COSTAS** | | | | | |
| Ag an 1 Eanáir | 6,922 | 504,059 | 306,540 | 31,505 | 849,026 |
| Breiseanna | - | - | - | - | - |
| Diúscairt | (6,123) | - | - | (586) | (6,709) |
| **Ag an 31 Nollaig** | **799** | **504,059** | **306,540** | **30,919** | **842,317** |
| **DÍMHEAS CARNTHA** | | | | | |
| Ag an 1 Eanáir | 6,921 | 503,388 | 68,593 | 30,959 | 609,861 |
| Muirear don bhliain | - | (3,360) | 61,308 | 546 | 58,494 |
| Diúscairtí | (6,123) | - | - | (586) | (6,709) |
| **Ag an 31 Nollaig** | **798** | **500,028** | **129,901** | **30,919** | **661,646** |
| **GLANLUACH LEABHAR** | | | | | |
| **Ag an 31 Nollaig** | **1** | **4,031** | **176,639** | **0** | **180,671** |
| | ===== | ===== | ====== | ===== | ====== |
| **Ag an 1 Eanáir** | **1** | **671** | **237,947** | **546** | **239,165** |
| | ===== | ===== | ====== | ===== | ====== |

## 7. MÉIDEANNA INFHAIGHTE

| | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|
| Réamhíocaíochtaí | **9,211** | 8,402 |
| | ======== | ======== |

## 8. MÉIDEANNA INÍOCTHA

| | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|
| Táille iniúchóireachta | **11,000** | 11,000 |
| Táille cuntasaíochta | **4,612** | 4,612 |
| | ---------- | ---------- |
| | **15,612** | 15,612 |
| | ======== | ======== |

## 9. CUNTAS CAIPITIL

| | € | 2018 € | € | 2017 € |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid Tosaigh | | **239,165** | | 142,140 |
| Breiseanna | **-** | | 145,015 | |
| Amúchadh | **(58,494)** | | (47,990) | |
| | ______ | | ______ | |
| Aistriú ón/(chuig an) Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas | | **(58,494)** | | 97,025 |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | | **180,671** | | 239,165 |

## 10. COSTAIS SOCHAIR SCOIR

Tá gach ball d'fhoireann an Údaráis ar iasacht ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Íocfar dliteanais phinsin na mball foirne sin as Vóta 12 - Aoisliúntas agus ní dhearnadh soláthar ar bith sna ráitis airgeadais seo maidir leis na costais sin.

## 11. AN BORD ACHOMHAIRC UM SHLÁNDÁIL PHRÍOBHÁIDEACH

Cuireadh an Bord Achomhairc um Shlándáil Phríobháideach ar bun chun achomhairc in aghaidh breitheanna ón Údarás a éisteacht agus a chinneadh. Cuimsíonn an Bord Achomhairc Cathaoirleach agus ceathrar comhaltaí. Is é an Rialtas a cheapann an Bord Achomhairc agus tá sé neamhspleách ar an Údarás. Is í an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais a íocann na costais a thabhaíonn an Bord.

## 12. TOBHACH PINSIN

Is ionann na costais tuarastail sa chuntas seo agus na hollchostais don Údarás don tréimhse. Is í an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais a íocann tuarastail thar ceann an Údaráis. Déanann an Roinn asbhaintí tobhaigh phinsin, de réir alt 2(3) den Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail 2009 (Uimh. 5 de 2009), agus coinnítear iad mar Leithreasaí i gCabhair don Roinn sin. B'ionann é sin agus €66,402 sa bhliain 2018 (2017: €61,367).

## 13. NOCHTADH PÁIRTITHE GAOLMHARA

De réir an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit, tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás maidir le nochtadh leasa ag Comhaltaí Boird agus ag fostaithe. Tá treoir maidir le nochtadh leasa ag Comhaltaí Boird ar áireamh sna nósanna imeachta sin agus chloígh an Bord leo le linn na bliana. Ní raibh aon idirbhearta ann sa bhliain maidir le gníomhaíochtaí an Údaráis a raibh aon leas tairbhiúil ag comhaltaí iontu.

## 14. NÓTA MAIDIR LE CÓIRÍOCHT

Oibríonn an tÚdarás amach as cóiríocht atá suite ar Shráid an Dáibhisigh, Baile Thiobraid Árann. Cuireann Oifig na nOibreacha Poiblí an chóiríocht sin ar fáil saor in aisce.

## 15. LUACH SAOTHAIR AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Bhí luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh don bhliain 2018 comhdhéanta de bhuntuarastal bliantúil €99,458 (2017: €90,426). Ina theannta sin, fuair an Príomhfheidhmeannach €8,726 i leith speansais taistil agus chothaithe sa bhliain 2018 (2017: €8,593), i gcomhréir le rátaí taistil agus cothaithe na Státseirbhíse. Ní théann teidlíochtaí pinsin thar na teidlíochtaí caighdeánacha i scéim aoisliúntais sochair shainithe na hearnála poiblí. Ní dhearnadh aon íocaíochtaí feidhmíochta sa bhliain 2018.

## 16. TÁILLÍ CIGIREACHTA

Is é atá i dtáillí Cigireachta ná fíneálacha a ghearrtar i leith neamhchomhlíonadh na rialachán ón Údarás. B'ionann iad agus €1,475 sa bhliain 2018 (2017: €9,524). Taifeadtar táillí Cigireachta in ioncam táillí ceadúnais.

## 17. CEADÚ NA RÁITEAS AIRGEADAIS

Cheadaigh an tÚdarás na cuntais seo an 27 Bealtaine 2019.

# Aguisíní

## Aguisín 1 - Tuarascálacha Staidrimh

**Tuarascáil 1 - An Líon Ceadúnas Daoine Aonair arna nEisiúint ag an 31 Nollaig 2018 de réir Contae agus Inscne**

| Contae | Maoirseoirí Dorais | Gardaí Slándála | Na hEarnálacha GS agus MD(ÁC) | Airgead Tirim faoi Bhealach | CLF | Iomlán | Fir | Mná |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ceatharlach | 65 | 164 | 101 | 9 | 21 | **360** | 326 | 34 |
| An Cabhán | 42 | 171 | 133 | 7 | 13 | **366** | 340 | 26 |
| An Clár | 144 | 275 | 119 | 14 | 2 | **554** | 515 | 39 |
| Corcaigh | 503 | 1,311 | 995 | 51 | 32 | **2,892** | 2,643 | 249 |
| Dún na nGall | 165 | 134 | 178 | 1 | 0 | **478** | 439 | 39 |
| Baile Átha Cliath | 1,089 | 8,843 | 3,530 | 654 | 67 | **14,183** | 13,194 | 989 |
| Gaillimh | 253 | 502 | 656 | 43 | 10 | **1,464** | 1,347 | 117 |
| Ciarraí | 178 | 268 | 265 | 2 | 0 | **713** | 673 | 40 |
| Cill Dara | 154 | 971 | 449 | 73 | 12 | **1,659** | 1,550 | 109 |
| Cill Chainnigh | 62 | 149 | 101 | 3 | 5 | **320** | 305 | 15 |
| Laois | 66 | 282 | 234 | 22 | 6 | **610** | 574 | 36 |
| Liatroim | 28 | 39 | 78 | 2 | 1 | **148** | 135 | 13 |
| Luimneach | 220 | 899 | 407 | 92 | 4 | **1,622** | 1,555 | 67 |
| An Longfort | 38 | 158 | 165 | 3 | 0 | **364** | 342 | 22 |
| Lú | 145 | 494 | 318 | 19 | 14 | **990** | 951 | 39 |
| Maigh Eo | 154 | 246 | 180 | 5 | 0 | **585** | 540 | 45 |
| An Mhí | 145 | 636 | 285 | 51 | 1 | **1,118** | 1,053 | 65 |
| Muineachán | 40 | 77 | 115 | 14 | 0 | **246** | 227 | 19 |
| Uíbh Fhailí | 76 | 226 | 142 | 8 | 0 | **452** | 434 | 18 |
| Ros Comáin | 48 | 151 | 118 | 4 | 0 | **321** | 292 | 29 |
| Sligeach | 69 | 130 | 128 | 34 | 0 | **361** | 343 | 18 |
| Tiobraid Árann | 118 | 375 | 237 | 11 | 6 | **747** | 703 | 44 |
| Port Láirge | 97 | 330 | 334 | 37 | 0 | **798** | 772 | 26 |
| An Iarmhí | 77 | 342 | 211 | 7 | 3 | **640** | 616 | 24 |
| Loch Garman | 114 | 289 | 281 | 10 | 22 | **716** | 663 | 53 |
| Cill Mhantáin | 80 | 381 | 207 | 31 | 18 | **717** | 667 | 50 |
| Tuaisceart Éireann | 49 | 42 | 39 | 20 | 68 | **218** | 188 | 30 |
| An Bhreatain Mhór (gan Tuaisceart Éireann a áireamh) | 0 | 5 | 4 | 0 | 41 | **50** | 32 | 18 |
| Eile | 0 | 0 | 2 | 0 | 5 | **7** | 1 | 6 |
| **Iomlán** | **4,219** | **17,890** | **10,012** | **1,227** | **351** | **33,699** | **31,420** | **2,279** |
| **% den Iomlán** | **13%** | **53%** | **30%** | **4%** | **1%** | **100%** | **93%** | **7%** |

**Eochair**
Na hEarnálacha GS agus MD(ÁC) – Ceadúnas Comhcheangailte Maoirseoirí Dorais agus Gardaí Slándála
CLF – Ceadúnas Lárionad Faireacháin

# Aguisíní

## Aguisín 2 - Tuarascálacha Staidrimh

**Tuarascáil 2 - An Líon Ceadúnas Conraitheoirí arna nEisiúint ag an 31 Nollaig 2018 de réir Contae**

| Contae | MD(SI) | MD(ÁC) | G | IP | GS(FA) | GS(FTCI) | GS(SI) | GS(S) | S(SL) | ATB | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ceatharlach | 0 | 1 | 3 | 0 | 1 | 1 | 0 | 2 | 16 | 0 | **24** |
| An Cabhán | 0 | 0 | 1 | 1 | 1 | 1 | 0 | 1 | 20 | 0 | **25** |
| An Clár | 0 | 0 | 3 | 1 | 0 | 0 | 0 | 2 | 16 | 0 | **22** |
| Corcaigh | 3 | 3 | 15 | 8 | 4 | 4 | 3 | 10 | 91 | 0 | **141** |
| Dún na nGall | 1 | 1 | 4 | 2 | 0 | 0 | 1 | 3 | 12 | 0 | **24** |
| Baile Átha Cliath | 16 | 21 | 68 | 41 | 9 | 6 | 17 | 81 | 276 | 3 | **538** |
| Gaillimh | 2 | 3 | 9 | 6 | 1 | 1 | 2 | 9 | 59 | 0 | **92** |
| Ciarraí | 0 | 0 | 6 | 2 | 0 | 0 | 1 | 5 | 25 | 0 | **39** |
| Cill Dara | 3 | 5 | 14 | 8 | 1 | 1 | 3 | 12 | 56 | 1 | **104** |
| Cill Chainnigh | 1 | 1 | 4 | 0 | 0 | 0 | 1 | 4 | 16 | 0 | **27** |
| Laois | 1 | 1 | 2 | 2 | 0 | 0 | 1 | 2 | 15 | 0 | **24** |
| Liatroim | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 5 | 0 | **5** |
| Luimneach | 0 | 0 | 2 | 2 | 1 | 1 | 0 | 4 | 42 | 0 | **52** |
| An Longfort | 1 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 1 | 3 | 10 | 0 | **16** |
| Lú | 1 | 2 | 4 | 0 | 0 | 0 | 1 | 5 | 33 | 0 | **46** |
| Maigh Eo | 1 | 1 | 4 | 3 | 0 | 0 | 1 | 1 | 13 | 0 | **24** |
| An Mhí | 1 | 3 | 10 | 5 | 0 | 0 | 1 | 9 | 50 | 0 | **79** |
| Muineachán | 1 | 2 | 0 | 1 | 0 | 0 | 1 | 2 | 13 | 0 | **20** |
| Uíbh Fhailí | 0 | 0 | 5 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 14 | 0 | **19** |
| Ros Comáin | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 10 | 0 | **12** |
| Sligeach | 0 | 0 | 4 | 1 | 0 | 0 | 0 | 2 | 10 | 0 | **17** |
| Tiobraid Árann | 1 | 1 | 5 | 3 | 0 | 0 | 2 | 8 | 37 | 0 | **57** |
| Port Láirge | 1 | 1 | 4 | 1 | 0 | 0 | 2 | 6 | 17 | 1 | **33** |
| An Iarmhí | 2 | 2 | 3 | 9 | 0 | 0 | 3 | 4 | 16 | 0 | **39** |
| Loch Garman | 2 | 2 | 6 | 1 | 2 | 2 | 2 | 4 | 22 | 0 | **43** |
| Cill Mhantáin | 0 | 1 | 4 | 5 | 1 | 1 | 0 | 5 | 39 | 0 | **56** |
| Tuaisceart Éireann | 1 | 1 | 5 | 5 | 5 | 6 | 1 | 3 | 34 | 0 | **61** |
| An Bhreatain Mhór (gan Tuaisceart Éireann a áireamh) | 0 | 0 | 1 | 7 | 8 | 4 | 2 | 2 | 6 | 0 | **30** |
| **Iomlán** | **39** | **52** | **187** | **115** | **34** | **28** | **46** | **190** | **973** | **5** | **1,669** |
| **% den Iomlán** | **2%** | **3%** | **11%** | **7%** | **2%** | **2%** | **3%** | **11%** | **58%** | **<0.5%** | **100%** |

**Eochair**

MD(SI) – Maoirseoir Dorais (Slándáil Imeachtaí)
MD(ÁC) – Maoirseoir Dorais (Áitribh Cheadúnaithe)
G – Glasadóir
IP – Imscrúdaitheoir Príobháideach
GS(FA) – Garda Slándála (Faireachán ar Aláraim)
GS(FTCI) – Garda Slándála (Faireachán ar TCI)
GS(SI) – Garda Slándála (Slándáil Imeachtaí)
GS(S) – Garda Slándála (Socair)
S(SL) – Suiteálaí (Slándáil Leictreonach)
ATB – Airgead Tirim faoi Bhealach

# Aguisíní

## Aguisín 3 - Tuarascáil Fuinnimh

*(Mar a cheanglaítear faoi I.R. Uimh. 542 de 2009)*

Sa bhliain 2018, ba iad ola teasa agus leictreachas na príomhfhoinsí úsáide fuinnimh san Údarás go fóill. Is trí Chóras Bainistíochta Foirgnimh atá nua-aimseartha agus éifeachtúil a bhainistítear ár bhfóntais. Is é C2 an rátáil fuinnimh don fhoirgneamh, ar rátáil í atá os cionn an mheáin d'fhoirgnimh den sórt sin.

Is leagtha amach thíos atá an úsáid bhliantúil fuinnimh i bhfoirgneamh an Údaráis i gcomparáid leis an úsáid fuinnimh sa ghnáthfhoirgneamh dá chineál:

| **Ár bhFoirgneamh** | |
|---|---|
| **Foinsí nach Foinsí Leictreacha iad (kWh/m² in aghaidh na bliana)** | Foinsí Leictreacha (kWh/m² in aghaidh na bliana) |
| **88** | **120** |
| **An Gnáthfhoirgneamh den chineál seo** | |
| **Foinsí nach Foinsí Leictreacha iad (kWh/m² in aghaidh na bliana)** | Foinsí Leictreacha (kWh/m² in aghaidh na bliana) |
| **129** | **232** |

Sa bhliain 2018, díríodh ar leanúint leis an dul chun cinn a rinneadh cheana féin ar astaíochtaí $CO_2$ a laghdú faoi 30% faoin mbliain 2020. Tá feasacht foirne ar cheann de na gnéithe is tábhachtaí dár bhfeachtas go fóill. A bhuí leis na comharthaí atá in airde ar fud an fhoirgnimh, meabhraítear do bhaill foirne leictreachas a chaomhnú agus bheith aireach ar a n-úsáid fuinnimh. Tá Coiste Fuinnimh ar bun againn, rud a chuimsíonn baill foirne ónár Rannóg Gnóthaí Corparáideacha a bhfuil de chúram orthu a chinntiú go laghdóimid ár n-astaíochtaí faoin mbliain 2020. Ainmníodh ár bhFoireann Fuinnimh in dhá chatagóir i nGradaim Fuinnimh Oifig na nOibreacha Poiblí. D'éirigh linn i gCatagóir na bhFoirgneamh Stairiúil.

# Teagmháil


***An tÚdarás Slándála Príobháidí***
***Sráid an Dáibhisigh***
***Baile Thiobraid Árann***
***Co. Thiobraid Árann***
***E34 PY91***

**T.: 062-32600**
**R.: info@psa.gov.ie**
**G.: www.psa.gov.ie**

**An Rannóg um Cheadúnú Conraitheoirí**
T.: 062-32606
062-32614
062-32624
062-32627
062-32631
062-32635
R.: contractors@psa.gov.ie

**An Rannóg um Cheadúnú Daoine Aonair**
T.: 062-32600
R.: licensing@psa.gov.ie

**An Rannóg Comhlíonta agus Cigireachta**
T.: 062-32628
062-32629
R.: enforcement@psa.gov.ie

**An Rannóg Cáilíochtaí agus Caighdeán**
T.: 062-32636
062-32616
062-32659
R.: standards@psa.gov.ie

**An Rannóg Gnóthaí Corparáideacha**
T.: 062-32622
062-32633
R.: info@psa.gov.ie

An tÚdarás Slándála Príobháidí
The Private Security Authority

An tÚdarás Slándála Príobháidí
Sráid an Dáibhisigh, Tiobraid Árann,
Éire

The Private Security Authority
Davis Street, Tipperary Town,
Ireland

T: 062 31588 / 32600
F: 062 31591
E: info@psa.gov.ie

www.psa.gov.ie